Márta 2007
Imleabhar 9 – Eagrán 1

# COURTS SERVICE NEWS

## Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna



*Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh seolta*

An Breitheamh Ruth Bader Ginsburg ó Chúirt Uachtarach SAM

Oiliúint dár mBainisteoirí le Dul i nGleic leis na Dúshláin atá Romhainn

www.courts.ie

# gné-ailt nuacht


13 **Seachtain Leabharlanna na hÉireann**
Insíonn Joe Donnelly dúinn faoi shainleabharlanna

17–20 **Labhraíonn an Breitheamh Ruth Bader Ginsburg ó Chúirt Uachtarach SAM le Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna**

21 **Díriú ar...**
Oifig Chúnta Fostaithe

24 **Ar Fud na Cruinne**
Athruithe ar Dhlíthe Oidhreachta Shasana agus na Breataine Bige



13


17 - 20


21

# nuacht


5 – 6 **Comhdháil Oiliúna Henley**
Ceacht faoi bhainistiú athruithe

7 **An Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta...**
Ag teacht go hoifig gar duit.

9 **Bricfeasta as Gaeilge**
Insíonn Chris Lehane tuilleadh dúinn faoin tionscnamh nua seo.

10–11 ***Cúrsaí Dlí Teaghlaigh***
Seolann an Príomh-Bhreitheamh foilseachán nua

12 ***Suirbhé ar léitheoirí Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna***
Tugaigí bhur mbarúlacha dúinn

22 **Ceapacháin foirne**
Cláraitheoir nua Chontae Chiarraí á chur i láthair



5-6


9


**Is í Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna.** Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearca ná beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, agus ar litreacha fiú.

## FOIREANN EAGARTHÓIREACHTA

**Eagarthóir:** Helen Priestley
**Leas-Eagarthóir:** Mary Murphy
**Eagarthóir Comhlach:** Gerry Curran
**Fo-Eagarthóir:** Catherine O'Leary

**Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,**
Oifig Faisnéise, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh an Feirme, Baile Átha Cliath 7

**Teileafón: 01-888 6459**

**Ríomhphost: co'leary@courts.ie**
**Facs: 01-8735250**
**Idirlíon: http://www.courts.ie**

**Arna dhearadh ag Journeyman Productions**
Digital Depot, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8

**Arna Phriontáil ag Future Print**
25 an Pharáid Mhór, Eastát Tionsclaíoch Bhaile Dúill I Baile Átha Cliath 13

Fáilte romhat chuig céad eagrán na bliana de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Bíodh is nach bhfuil 2007 i bhfad ar an saol tá nuacht againn duit faoi thionscadail eile atá ar na bacáin san eagraíocht. Tá agallamh againn le Angela Denning ó fhoireann an tionscadail um Chóras Bainistíochta um Chásanna Sibhialta faoina bhfuil ar siúl acu agus céard atá siad ag súil lena bhaint amach ar leathanach 7. Is ceart dúinn freisin súil a thabhairt ar phleanáil tionscadail i gcoitinne agus fáil amach gurbh air sin a bhí an cúrsa oiliúna i Henley, Shasana dírithe. Bhí a lán de bhainisteoirí tionscadal na Seirbhíse Cúirteanna ag freastal air - féadfaidh tú an t-agallamh a bhí againn lenár Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna a léamh ar leathanach 5.

Ní bréag a rá go bhfuil sceitimíní orainn agallamh domhain leis an mBreitheamh Ruth Bader Ginsburg a bheith againn mar ghné-alt. Tá sise ina breitheamh ar Chúirt Uachtarach SAM, agus dar le hirisleabhar Forbes is í féin an t-ochtú bean is cumhachtaí ar domhan. Tháinig an Breitheamh Ginsburg go hÉirinn ar chuireadh Chumann Dlí OÉ, Gaillimh mar aoi speisialta don sraith leanúnach 'Evenings with...' atá ar siúl acu, agus i gcaitheamh na díospóireachta cíoradh réimse leathan ábhar ó cheisteanna faoi mhná sa chóras dlí go cásanna tábhachtacha bunreachtúla SAM. Ní gach lá a bhfoilsímid agallamh le duine (leathanaigh 17 - 20) a spreag eagrán amháin de The West Wing, nuair a ceapadh ina breitheamh í.

Is ar fhoilsiú stairiúil Cúrsaí Dlí Teaghlaigh a dhírímid an spotsolas ar réimse dlí an teaghlaigh. Is de thoradh an Achta um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna ar féidir tuairisciú a dhéanamh ar chásanna agus ar bhreithiúnais sa réimse seo. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide í an Dr. Coulter Léiríonn saothar Carol Coulter na treochtaí nua atá ag teacht chun cinn agus roinnt cleachtas nuálaíoch sa réimse seo. Féadfaidh tú léamh faoi Chúrsaí Dlí Teaghlaigh, faoina sheoladh agus roinnt staitisticí spéisiúla ar leathanaigh 10 agus 11.

Tá grianghraf iontach againn san eagrán seo ón am atá thart. Ár mbuíochas sin do Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, Frank Murphy, atá ar scor anois. Bheimis faoi chomaoin mhór agaibh dá bhféadfadh sibh cabhrú linn cuid de na habhcóidí ar




leathanach 31 a aithint.

Mar fhocal scoir, b'fhéidir go bhfeicfidh sibh i measc na gnáth-ailt maidir le nuacht na foirne, cúrsaí saoire, léirmheasanna scannán agus comórtais go bhfuil suirbhé custaiméirí eile againn díbh lena chomhlánú. Tá sé ceithre bliana anois ó rinneamar ár suirbhé domhain deireanach ar ár gcustaiméirí, agus bíodh is go bhfáiltímid i gcónaí roimh aiseolas táimid ag impí oraibh iarracht faoi leith a dhéanamh an uair seo an suirbhé seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais.

## gné-ailt rialta


| | |
|---|---|
| 4 | Cleachtas agus Nósanna Imeachta |
| 14-15 | Nuacht faoi Cheapacháin Bhreithiúnacha |
| 16 | Clár For-Rochtana - Ár gcuairteoirí is déanaí. |
| 23 | Scor na mBall Foirne |
| 26 | Foilseacháin Nua |
| 27- 29 | Scéalta Báis |
| 32 | Léirmheas Scannáin: Hot Fuzz |
| 33 | Nuacht ón gClub Sóisialta |
| 34 | Léirmheas ar Shaoire - Munich |
| 35 | Comórtas |
| 36 | Tríd an Lionsa |










## Rialacha Cleachtais agus Nósanna Imeachta Leasuithe

**Rialacha na Cúirte Dúiche**
I.R. Uimhir 19 de 2007
Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 100 chun nósanna imeachta agus foirmeacha a chur ar ar fáil chun achomharc a dhéanamh faoi Alt 65 (1) den Acht Meabhair-Shláinte, 2001.

I.R. Uimhir 73 de 2007
Leasaíonn na Rialacha seo Foirm 22.2 (Barántais Bhinse de bhun toghairme), chun go mbeifear in ann réamhaithris a sholáthar má tá sé á eisiúint maidir le dáta eile seachas an dáta seolta ar ais, más cuí.

**Rialacha na Cúirte Cuarda**
I.R. Uimh. 10 de 2007
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta na Cúirte Cuarda maidir le Achomhairc faoin Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 (Uimh. 26 de 2005).

I.R. Uimh. 11 de 2007
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta chun iarratais agus achomhairc sa Chúirt Chuarda faoin An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 (Uimh. 25 de 2001) a éascú.

I.R. Uimh. 12 de 2007
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta le haghaidh an Chúirt Chuarda maidir le cur i bhfeidhm cinnidh Choimisinéir um Chearta agus cur i bhfeidhm cinnidh na Cúirte Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Uimh. 11 de 2001) arna leasú ag an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Uimh. 4 de 2004).

**Rialacha na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte**
I.R. Uimh. 597 de 2006
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta chun iarratais agus achomhairc faoi Alt 73 den Acht Meabhair-Shláinte, 2001 a éascú.

I.R. Uimh. 13 de 2007
Tabharfaidh na Rialacha seo Rialachán na Comhairle, (CE) Uimh. 1206/2001 i bhfeidhm, a éascaíonn comhoibriú níos fearr idir chúirteanna Ballstát an Aontais Eorpaigh maidir le tógáil fianaise i gcásanna sibhialta nó tráchtála.

I.R. Uimh. 14 de 2007
Leagann na Rialacha seo síos nósanna imeachta chun go mbeifear in ann iarratais reachtúla agus achomhairc a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos tapúla.

## An Ard-Chúirt ag gluaiseacht léi...

**Insíonn Príomhchláraitheoir na hArd-Chúirte, Ciarán Kelly, dúinn faoi athruithe nuálaíocha a rinneadh le déanaí maidir le suíonna sibhialta na hArd-Chúirte.**


Ciarán Kelly

"Bhíodh sé de thraidisiún ag an Ard-Chúirt gan ach cásanna díobhála pearsanta agus achomhairc chuarda a éisteacht agus í ar chuaird lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá tús curtha aici le deireanas, áfach, cásanna seansaireachta agus cásanna neamhghiúiré a éisteacht in ionaid éagsúla
ar fud na hÉireann. Tá sí ina suí i gCorcaigh an téarma seo, mar shampla, chun cásanna neamhghiúiré ó Chorcaigh agus ó na contaetha máguaird a éisteacht. Éistfidh sí cás seansaireachta i gCo. Luimnigh ag deireadh an Mhárta. Lena chois sin tá dátaí maidir le achomhairc chuarda bhreise liostaithe le haghaidh Luimnigh."

Céard iad príomhthorthaí na suíonna neamhthraidisiúnta seo? "Is mór an chabhair iad, dar ndóigh, do na chleachtóirí, na dlíthithe agus na fianaithe a bhfuil baint acu leis na cásanna seo. Ní gá dóibh taisteal go Baile Átha Cliath chun go n-éistfear a gcásanna. Is féidir le páirtithe sna contaetha máguaird a bhfuil baint acu le cásanna cosúil leo leas a bhaint as na dátaí breise le haghaidh suíonna agus bíonn buntáistí dá réir acu ar na cásanna atá ar na liostaí seo i mBaile Átha Cliath."

Cén chaoi ar féidir le cleachtóirí iarratas a dhéanamh go n-éistfear na cásanna seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath? "Is ar rogha Uachtaráin na hArd-Chúirte a cheadaítear na dátaí breise seo le haghaidh suíonna. Tá súil againn go n-éascófar tuilleadh suíonna den sórt seo nuair a bheidh foireann iomlán breithiúna ann."

## Fógra dóibh siúd go léir a úsáideann Lároifig na hArd-Cúirte

Tagann breis agus 200 duine idir chleachtóirí, chléirigh dlí, ghníomhairí dlí agus bhaill den phobal chun na Lároifige gach lá. Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn an oiread sin d'obair na hArd-Chúirte le déanamh go mbíonn ar dhaoine fanacht níos faide ná mar is cóir. Táthar chun bealaí éagsúla a úsáid chun an fhadhb seo a réiteach ach gan aon dochar a dhéanamh do cháilíocht na seirbhíse.
Mar fhreagra ar éileamh na gcustaiméirí, déanfar tuilleadh athruithe ar bhonn píolóta ar an gcaoi a bhíonn ar dhaoine fanacht i scuainí. Cuirfear an clár píolóta ar siúl ar dtús ón Déardaoin 1 Márta go dtí dé hAoine 30 Márta 2007. Déanfaimid measúnú ar an aiseolas a thugann ár gcustaiméirí dúinn le linn na trialach seo. Ar an ábhar sin beidh leathanaigh le haghaidh tagairtí le fail san oifig i rith mí Márta.
Is iad seo a leanas na hathruithe a dhéanfar maidir le fanacht i scuainí le linn an chláir:
An Gnáthscuaine – glacfar le 15 idirbheart ar a mhéid agus eiseofar an ticéad deireanach le haghaidh an scuaine seo ag 3:30p.mm
Scuaine Tapa – glacfar le 5 idirbheart ar a mhéid agus eiseofar an ticéad deireanach don scuaine seo ag 4:00 p.m.
Déanfar gach iarracht le linn an tréimhse píolóta seo a chinntiú go mbeidh ardchaighdeán seirbhíse ar fáil agus go laghdófar na tréimhsí feithimh agus an mhíchaoithiúlacht a bhíonn ann dóibh siúd a thagann chun na hoifige.
Déan cinnte le do thoil go bhfuil gach doiciméad ullamh lena thabhairt isteach sula dtéann tú chuig an gcuntar, is é sin le rá go bhfuil na dátaí orthu agus iad sínithe i gceart, más gá é sin, go bhfuil na teidil agus na huimhreacha taifead cearta orthu, agus gur íocadh na táillí cúirte cuí.
Nuala McLoughlin
Príomhchláraitheoir agus Stiúrthóir Oibríochtaí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí, 22 Feabhra 2007

# Feabhsú trí dhíriú ar ár bpríomhthionscadail



Líne chúil ó chlé: An Dr. Stephen Simister, Sean Quigley, John Glennon, John Coyle, Eamonn Kiely, Mary Crowley, Brian Battelle.
Líne láir: Angela Denning, Jim Finn, Hilda McDermott, Darach Green, Andrew Gibbons.
Líne thosaigh: P.J. Fitzpatrick, Michael Byrne, Nuala McLoughlin, Syl Carruth, Jane Cranwell-Ward agus Olive Caulfield.

**Tá 'Bainistiú Athrú' ar bharr a ngob ag daoine i seirbhís phoiblí na hÉireann faoi láthair. Tá mórchuid cainte ann faoi rudaí a dhéanamh ar bhealaí eile, smaoineamh orthu ar bhealaí eile agus dul i dtaithí ar thimpeallacht oibre eile, ach fós caithfear an obair a dhéanamh gach lá fad atá na hathruithe seo ar siúl. Cén chaoi a dtéann eagraíocht mar an tSeirbhís Chúirteanna dul i ngleic le hathruithe? Thug baill na foirne ó gach cuid den eagraíocht ardmholadh don chlár ceannaireachta a bhí ar siúl le déanaí in Henley, Shasana. D'iarramar ar Cheannaire Aonad Oiliúna na Seirbhíse Cúirteanna, Terry Agnew, a insint dúinn faoi chúlra an chláir agus an fáth ar fiú go mór é.**

"Is é an dúshlán ar ghá don tSeirbhís Chúirteanna agus eagraíochtaí eile na seirbhíse poiblí dul i ngleic leis ná seirbhís den scoth a chur ar fáil ar bhealach a shásaíonn riachtanais an tsaoránaigh," arsa Terry mar mhíniú ar an scéal. "Caithfidh an-rath ar fad a bheith ar an athstruchtúrú má tá an dúshlán seo le sárú. Tá roinnt tionscnamh mór ar na bacáin againn faoi láthair a chuirfidh ar ár gcumas le himeacht aimsire dul i ngleic leis an timpeallacht dúshlánach sin inar ghá dúinn ár sainordú a chomhlíonadh."

Tionscadail i dtimpeallachtaí atá ag athrú? Cén bhaint a bheidh aige sin go léir dár bhfoireann? "Is é an dúshlán atá le sárú ag ár bhfoirne ná na tionscadail seo a chur i bhfeidhm céim ar chéim agus críoch rathúil a chur orthu. Beidh dúshláin ríthábhachtacha le sárú ag bainisteoirí sinsearacha agus ag lucht na meánbhainistíochta agus iad ag cur na dtionscadal seo i bhfeidhm".

Céard iad na rudaí atá le déanamh, mar sin, ag bainisteoir? Céard iad na hathruithe ar ghá dóibh dul i dtaithí orthu? Luaigh Terry roinnt tosca fíorthábhachtacha. "I measc na rudaí atá le déanamh ag bainisteoirí an lae inniu tá orthu glacadh le cur chuige 'a thugann tús áite don chustaiméir ' i gcás soláthar seirbhísí," ar seisean. "Caithfidh siad breathnú ar aghaidh, féachaint as an nua ar a bhfuil ar siúl agus gan a bheith ag díriú i gcónaí ar spriocanna atá le baint amach láithreach. Caithfidh siad a fháil amach céard atá ag teastáil óna gcustaiméirí. Caithfidh siad a bheith ina 'laochra ar son na n-athruithe', agus an eagraíocht a ullmhú le haghaidh athruithe. Tá sé ríthábhachtach freisin go dtuigfeadh siad ról straitéiseach na dtionscadal seo agus na hathruithe cultúrtha a bhaineann leo."

Aithníonn Terry gur dhúshlán scanraitheach é seo go léir do bhainisteoirí agus don bhfoireann i gcoitinne agus go mbeidh faisnéis nua agus scileanna nua ag teastáil le dul i ngleic leis. Tá an clár sin ar ghlac an tSeirbhís Chúirteanna mar chúram uirthi féin i gcomhar leis an Henley Management College ar cheann de roinnt tionscnamh de chuid na seirbhíse a bhfuil sé d'aidhm acu, nó a bheidh sé d'aidhm acu, cur ar chumas bainisteoirí dul i ngleic le timpeallacht atá ag athrú agus bailchríoch rathúil a chur ar tionscadail mhóra.

Dhá mhodúl atá sa chlár, Modúl 1 a mhaireann cúig lá agus Modúl 2 a mhaireann 3 lá. Tá dhá grúpa, ina raibh 28 duine san iomlán, tar éis freastal ar Mhodúl 1. Is daoine iad a bhfuil baint acu le roinnt tionscadal mar Urraitheoirí Tionscadal, Bhainisteoirí Tionscadal, Cheannairí Gnó nó mar bhaill de Bhoird Tionscadal. I measc na dtionscadal sin tá tógáil Ollionad na Cúirte Coiriúla i mBaile Átha Cliath, an Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta (CCMS), Tionscadal Cuntasaíochta na

gCúirteanna (CAS), an Córas Comhtháite Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) agus an Córas um Rianú Cás Coiriúil (CCTS).

"Beidh an-tionchar ag gach ceann de na tionscadail seo, agus ag cinn eile mar aon leo, ar an gcaidreamh atá ag an tSeirbhís Chúirteanna lena chustaiméirí," arsa Terry.

Is iad aidhmeanna an chláir ná:
1. cabhrú leis na rannpháirtithe tuiscint a bheith acu ar na hathruithe sa timpeallacht atá ag dul i gcionn ar an tSeirbhís Chúirteanna féin agus ar na tionscadail dá thoradh sin
2. cuidiú leo siúd a bhfuil baint acu leis na tionscadail mar Urraitheoirí, Bainisteoirí, Ceannairí Gnó nó mar bhaill de Bhoird Tionscadal tuiscint a bheith acu ar hathruithe atá ag teacht ar an tSeirbhís Chúirteanna féin
3. scileanna maidir le bainistiú tionscadal agus athruithe a mhúineadh do na rannpháirtithe a chuirfidh ar a gcumas tionscadail a bhainistiú agus críoch rathúil a chur orthu
4. cuidiú leis na rannpháirtithe na scileanna sin a chur i bhfeidhm ar na tionscadail atá idir lámha acu
5. scileanna na rannpháirtithe a fhorbairt chun go mbeidh siad in ann cinnireacht a chur ar fáil maidir lena dtionscadail

"Tá an clár bunaithe ar an dtuiscint go bhfuil dlúthcheangal idir bainistiú rathúil a dhéanamh ar thionscadal agus bainistiú rathúil a dhéanamh ar athruithe.

Is iad an rud ceannann céanna atá iontu," arsa Terry. "Déanfar athbhreithniú i gcomhar leis na rannpháirtithe i Modúl 2 ar an gcaoi ar chuireadh na rudaí ar fhoghlaim siad i bhfeidhm ar na tionscadail. Leanfar ar aghaidh freisin ag cur le cumas na heagraíochta na hathruithe riachtanacha chur i bhfeidhm."

Tá an chosúlacht air go bhfuil se cuimsitheach dian spreagúil agus is cinnte go dtabharfaidh sé ábhar maith machnaimh dár mbainisteoirí sula dtosaíonn siad ar Mhodúl 2.

Déanfaimid iarracht teach suas le cuid acu níos déanaí chun a dtuairimí a fháil faoi chlár Henley.

Bhain clár Mhodúil 1 leis na hábhair seo a leanas:

**Lá 1**

**Tosca Timpeallachta agus Plean Straitéiseach na Seirbhíse Cúirteanna**

**Athrú Straitéiseach: Tuiscint céard a bhaineann le próiseas rathúil leanúnach athruithe. Scileanna ar féidir a úsáid chun rath a chur ar an bpróiseas seo. Cur ar chumas na heagraíochta athruithe a bhainistiú. Tosú ar scileanna na rannpháirtithe a fheabhsú maidir le bainistiú tionscadal agus athruithe.**

**Lá 2**

**Staidéar cáis eagraíochta: Eagraíocht a ndearna mórathrú uirthi, nó a bhfuil mórathrú á dhéanamh uirthi, de bharr roinnt tionscadal ríthábhachtach. Labhair an Stiúrthóir Acmhainní Daonna ó Ghrúpa Marks & Spencers leis an dá ghrúpa rannpháirtithe faoin gclár mórathruithe an chomhlachta. Cinnireacht Straitéiseach: Samhail na 7 s a úsáid chun na príomh acmhainní a aithint i gcás tionscadail faoi leith, iad a ailíniú i gceart agus na heasnaimh a aithint. Cáil: Tuiscint ar cad is cáil eagraíochta ann, an chaoi ar féidir chur léi nó í a chailliúint. Is trína ghníomhartha a thuileann eagraíocht cáil agus trí seirbhís a sholáthar go rathúil ar bhealach a thuigeann agus a shásaíonn riachtanais na gcliant. An chaoi le cáil a thuilleamh agus cur léi. Cinnireacht maidir le hAthruithe: Cuidiú leis na rannpháirtithe a stíl chinnireachta féin a thuiscint agus an tionchar atá aici seo ar thionscadal.**

**Lá 3**

**Cúrsaí Cumarsáide: Tábhacht cúrsaí cumarsáide ó thús go deireadh tionscadail. Comhtháthú a dhéanamh ar chúrsaí cumarsáide idir thionscadail éagsúla, agus cumarsáid a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara trí leas a bhaint as anailís ar idirbhearta mar creatlach. Tiomantas a chothú. Féachaint chuige go nglacann daoine go fonnmhar leis an tionscadal agus le saolré athruithe. Treorú Daoine: Leas a bhaint as samhlacha athruithe cuí chun daoine a thuiscint agus cabhrú leo le linn próiseas an athruithe**

**Lá 4**

**Bainistiú Tionscadail: Na príomhchéimeanna a bhaineann le bainistiú rathúil a dhéanamh ar thionscadal. Botúin choitianta a bhíonn teip mar thoradh orthu. Teicníochtaí taighde. Cás Gnó a chur le chéile. Pleananna éifeachtacha maidir le bainistiú tionscadal agus athruithe. Rialú agus bainistiú buiséad agus acmhainní.**

**Lá 5**

**Déanamh cinnte go dtarlóidh sé: Na príomhrudaí a foghlaimíodh i rith na seachtaine a chur i bhfeidhm ar gach tionscadal**

# Tús a chur le feabhsú ár gcórais bhainistíochta um chásanna sibhialta



**Angela Denning** & **Jim Finn**, Civil Case Management Team

**Ábhar mór spéise dúinn a chloisteáil go bhfuil pleananna á réiteach chun an t-aon chóras amháin a cheapadh maidir le próiseáil cásanna sibhialta (agus cásanna dlí teaghlaigh san áireamh) i ngach dlínse. Cineál 'tomhas amháin a oirfidh do chách' a bheadh ann a shásóidh bunriachtanais na n-oifigí faoi leith atá ag athrú ó phróiseáil de láimh go córas próiseála. Cén dul chun cinn atá déanta maidir leis an dtionscadal seo agus cad is féidir linn a bheith ag súil leis amach anseo? Labhraíomar le hAngela Denning atá ar fhoireann an tionscadail:**

*Céard atá cearr leis an gcóras reatha? "Ní féidir é a úsáid chun seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí sa bhfadtéarma, ná ríomhsheirbhísí a chur ar fáil, ná na buntáistí sin a fháil a thagann ó chóras comhtháite," arsa Angela mar mhíniú. "Is iomaí tairbhe gnó a bheadh ann dá gcuirfí córas bainistíochta um chásanna sibhialta ar fáil. Ina measc siúd:*

** Bheadh radharc simplí amháin le fáil ar chás agus é ag gluaiseacht ó dhlínse go dlínse*

** Bheadh sé níos soláimhsithe agus an dealramh agus an cuma céanna ar chúrsaí i ngach dlínse, rud a chabhródh le soghluaisteacht foirne agus a laghdódh riachtanais traenála agus deacrachtaí forfheidhmithe.*

** Bheadh rialúcháin chaighdeánacha ann maidir le hiontráil agus bailíochtú sonraí*

** D'fhéadfaí seirbhísí éagsúla a chur ar fáil go leictreonach*

** Bheadh sceidealadh comhtháite cúirteanna ann*

** Bheadh bainistiú cuimsitheach faisnéise agus tuairisciú staitisticí ann*

** Bheadh córais chaighdeánaithe sna réigiúin agus sna dlínsí go léir."*

*Mhol Straitéis TFC na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí go ndéanfaí athbhreithniú ar na próisis a bhain le dlí sibhialta agus teaghlaigh mar chéad chéim chun socrú comhtháite a chur ar fáil le haghaidh bainistiú cásanna.*

*"Is éard atá ar intinn againn ná go ndéanfaí na próisis go léir sna réigiúin agus sna dlínsí a chaighdeánú chomh fada agus is féidir," a deir Angela. "Bheadh cúrsaí ní b'éifeachtúla dá bharr agus chuirfí barrfheabhas ar na seirbhísí do chustaiméirí. Déanfar na próisis a athdhearadh de thoradh an athbhreithnithe seo agus déanfar é sin ar mhaithe le soláthar ríomhsheirbhísí agus chun socrú comhtháite maidir le bainistiú cásanna a chur ar fáil."*

*Ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo tá bunú bord tionscadail a bhfuil réimse leathan saineolaithe gnó ó gach dlínse agus stiúrthóireacht mar bhaill air. Is í Nuala McLoughlin urraitheoir an tionscadail is tá Jim Finn agus Angela ar an bhfoireann. Is é Jim bainisteoir an tionscadail. Meastar go gcríochnófar an athbhreithniú laistigh de sé mhí.*

*"Shocraíomar próiseas tairisceana i rith an tsamhraidh seo chaite," arsa Angela mar mhíniú. "Tugadh an conradh do chuibhreannas a bhfuil Bearing Point Management & Technology Consultants mar cheann air chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis. I measc na gcomhpháirtithe atá acu don obair seo tá Matheson Ormsby Prentice Solicitors, Baile Átha Cliath and Henry P.F. Donegan & Son Solicitors, Corcaigh".*

*Céard iad na chéad rudaí atá á mbeartú? "Déanfar samhaltú ar an na próisis reatha a bhaineann le dlíthíocht shibhialta mar chéad chéim an tionscadail. Beidh sraith cheardlanna againn leis an bhfoireann chun é seo a dhéanamh. Déanfar dhá oifig réigiúnacha a shamhaltú chun na difríochtaí a bhaineann le próisis faoi láthar a taispeáint. Beidh mórchuid gnó ar siúl i gceann amháin acu agus níos lú ar siúl sa cheann eile agus déanfar iad a shamhaltú i gcás dlínsí na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche. Déanfar samhaltú freisin ar na hoifigí go léir i Baile Átha Cliath. Is iad na hoifigí cúige i gCorcaigh agus i Ros Comáin a roghnaíodh i gcás na Cúirte Cuarda agus na hoifigí i Luimneach agus sa Nás i gcás na Cúirte Dúiche. Tá na stiúrthóirí agus bainisteoirí na n-oifigí ag tacú leis an tionscadal seo. Oibreoidh foireann an tionscadail i ndlúth-chomhpháirtíocht le ceannairí na n-oifigí le cinntiú nach ndéanfar ach an cur isteach is lú ar na foirne agus ar chustaiméirí."*

*Agus céard a tharlóidh ina dhiaidh sin? "Déanfar sraith próiseas ardleibhéil a fhorbairt i dara céim an tionscadail. Tugann lucht na teicneolaíochta faisnéise próisis "le teacht" orthu. Cuirfear ceardlanna ar fáil do bhainisteoirí sinsearacha agus beidh painéal comhairleach saineolaithe ann le cabhrú leo maidir le mór-athruithe agus córais uathoibríocha cúirte. Tabharfaidh na saineolaithe seo comhairle praiticiúil maidir le próisis an atheagraithe dóibh agus inseoidh siad dóibh faoin leagan amach a chuireadh ar chórais bhainistithe cás i ndlínsí eile."*

*Coinneoimid súil ar na cúrsaí seo agus beidh tuairisc againn daoibh amach anseo faoin dul chun cinn. Is ionann é sin agus a rá go bhfuil an gné-alt seo "ar leanúint". Idir an dá linn bheadh áthas ar Angela agus ar fhoireann an tionscadail mínithe breise a thabhairt faoi agus éisteach leis na tuairimí atá ag daoine chun na próisis a fheabhsú.*

*Is féidir dul i dteagmháil le foireann an tionscadail ag 01-8886833 nó ag 01-8886711 le breis eolais a fháil nó tuairimí a nochtadh dóibh.*

# Déanfaidh coiste nua iniúchadh ar acmhainní na Cúirte Dúiche



**Bhí tuairiscí ag Nuacht na Seirbhíse Cúirte cheana féin faoi na hathruithe atá ag teach ar obair oifigí na Cúirte Dúiche ar fud na tíre. Tá fás mór tagtha ar mhéid agus ar chastacht na hoibre agus scríobhamar faoin tionchar atá ag an bhfás sin orthu. Seo agaibh scéal anois faoi bhunú coiste nua le fáil amach céard iad an hacmhainní atá riachtanach don dlínse seo.**

Tá sé beartaithe ag Bord na Seirbhíse Cúirteanna coiste a bhunú le féachaint céard iad riachtanais feidhmiúcháin agus na hacmhainní atá ag teastáil ón gCúirt Dúiche. Rinneadh é seo ar mholadh an Phríomh-Bhreithimh agus Cathaoirligh an Bhoird an Breitheamh John L. Murray. Beidh Breitheamh Joseph Finnegan na Cúirte Uachtaraí ina chathaoirleach ar an gcoiste seo agus is iad seo a leanas na téarmaí tagartha:

1. Scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar na hacmhainní breithiúnacha agus riaracháin atá ag teastáil ón gCúirt Dúiche i gcomhthéacs na n-athruithe atá tagtha ar chineál agus ar chastacht a cuid oibre de thoradh:
» Athruithe déimeagrafacha agus sóisialta
» Athruithe nua reachtaíochta
» Cásanna a bheith ag éirí níos casta
» Feidhmeanna nua agus dlínse níos leithne ag an gCúirt i réimsí áirithe.
2. Féachaint céard iad na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach don Chúirt
3. Moltaí a dhéanamh don Bhord.

Athruithe ar obair na Chúirte Dúiche
Tá athruithe suntasacha tagtha ar obair na Cúirte Dúiche. Bhí an Chúirt seo ag plé le thart faoi 500,000 de na 750,000 ábhar a tháinig os comhair na cúirte i 2005. Tá 54 breitheamh ann faoi láthair agus is méadú de bheagán os cionn 4% é seo ar an líon a bhí ann 12 bhliain ó shin. (Thug an Rialtas faomhadh le deireanas do cheapadh 6 breitheamh breise.)

Idir an dá linn tá athruithe móra tagtha ar chastacht na rudaí atá ag teacht os comhair na cúirte agus ar an méid ama a thógann sé iad a éisteacht. Samplaí díobh siúd is ea;
» Cásanna faoi Acht nua na Leanaí, 2001 arna leasú
» Cásanna Dlí Teaghlaigh
» Cásanna Sláinte agus Sábháilteachta
» Achomhairc ó Bhinsí Meabhair-Shláinte
» An Chúirt Drugaí
» Tionscadail eile maidir le ceartas aisiríoch ar nós na cinn atá san Aonach agus i dTamhlacht

Éilimh níos mó ar an gCúirt de bharr cúrsaí déimeagrafacha
Tá athruithe móra tagtha ar chúrsaí déimeagrafacha agus ar an tsochaí i gcoitinne. Tá 500,000 níos mó daoine sa tír. Tá a lán daoine ag teacht os comhair cúirte anois nach é an Béarla an teanga dhúchais acu. Cuireann teangaireacht le fad éisteachtaí cúirte. Fadhb mhór eile is ea an líon mór cásanna ar gá a phróiséail i suíonna aon lae. Is minic a bhíonn suíonna breise ag teastáil le déileáil le cásanna faoi chonspóid agus ní mór don bhreitheamh áitiúil nó do bhreitheamh inaistrithe a chuireann an tUachtarán ar fáil an obair seo a dhéanamh.

Freagraí reatha ar Athruithe
Tá limistéir na gCúirteanna Dúiche á n-atheagrú faoi láthair. Cruthófar dhá Dhúiche nua in Oirthear na tíre mar chuid de. Bíodh is go réiteoidh sé seo cuid den éagothroime thíreolaíochta agus dhaonra, ní réiteoidh sé fadhbanna an Cúirte uaidh féin.

Forbairt Seirbhísí Tacaíochta
Baineann ceist eile le seirbhísí tacaíochta a bheith ar fáil ag breithiúna Cúirte Dúiche, lena n-áirítear Seirbhísí Promhaidh agus Leasa, obair shóisialta, seirbhísí síceolaíochta i gcásanna cúram leanaí agus dlí teaghlaigh agus seirbhísí sóisialta eile. Bíonn an tacaíocht seo le fáil sa ghnáthchúrsa in a lán dlínsí eile.

# Féachaint an bhfuil gá le Cúirt Achomhairc

**Tá grúpa oibre bunaithe ag an Rialtas le féachaint an gá Cúirt ghinearálta Achomhairc a bheidh againn. Bheadh a leithéid de chúirt ag plé le hachomhairc ón Ard-Chúirt.**
Mar chuid den sainordú a tugadh dóibh tá orthu féachaint an gá athruithe dlíthiúla a dhéanamh chun a leithéid de chúirt a bhunú. Féadfaidh an Grúpa cibé moltaí a dhéanamh a mheasann siad a bheith oiriúnach chun go mbeidh nósanna imeachta agus cleachtais na nUaschúirteanna níos éifeachtúla. Is í breitheamh na Cúirte Uachtaraí, an Breitheamh Susan Denham a bheidh ina cathaoirleach ar an nGrúpa agus beidh aighneachtaí á lorg acu maidir leis an obair a tugadh dóibh le déanamh. I measc rannpháirtithe eile an Ghrúpa tá:
**an Breitheamh Iarfhlaith O'Neill, Breitheamh na hArd-Chúirte**
**an tUas. Bob Browne, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí**
**an tUas. Eoin O'Leary, Roinn an Taoisigh**
**an tUas. Ken Murphy, Cumann Dlí na hÉireann**
**an tUas. Turlough O'Donnell, Comhairle Bharra na hÉireann**
**an tUas. Liam O'Daly, Oifig an Ard-Aighne**
**agus Helen Uasal Priestley, an tSeirbhís Chúirteanna**



# An Rath arís ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus ar Éilimh Bheaga ar Líne



**Cuireadh láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna, www.courts.ie (ar a bhfuil córas nua na nÉileamh Beaga ar Líne) ar ghearrliosta le haghaidh gradam ríomh-Rialtais 2007. Seo cúigiú bliain na ngradam seo a thugann aitheantas don nuálaíocht ar láithreáin gréasáin na hearnála poiblí. Bhuaigh Courts.ie gradam ríomhRialtais cheana féin i 2005, an chéad bhliain a raibh sé ar an saol, nuair a chuireadh isteach é sa chatagóir 'Best State Body'. Bhí sé ar cheann de líon beag láithreán a roghnaíodh i mbliana le cur ar ghearrliosta in dhá chatagóir – Best State Body agus Best Irish Language website.**

Cuireadh le hinúsáideacht agus le réimse na seirbhísí atá ar fáil ag www.courts.ie nuair a seoladh Éilimh Bheaga ar Líne roinnt míonna ó shin. Cuireann sé ar chumas custaiméirí iarratas um éileamh beag a chruthú ar líne, an t-iarratas a lóisteáil, an táille a íoc agus monatóireacht a dhéanamh ar a stádas, agus é seo go léir a dhéanamh ar a ríomhairí féin. Athraíodh codanna eile chun go mbeifí in ann teacht go díreach ar fhaisnéis faoi chúrsaí mar Small Claims agus Jury Service. Is féidir le custaiméirí gréasáin a ríomhairí láimhe a úsáid le teacht ar leagan oiriúnaithe speisialta de cheann de na codanna is mó éilimh – an Legal Diary. Cuireann sé seo ar a gcumas liostaí na cúirte a rochtain agus iad 'gnóthach ag taisteal'. Dul chun cinn eile ab ea liostaí na Cúirte Cuarda le haghaidh 25 den 26 oifig Cúirte Cuarda in Éirinn a chur air. Tá siad seo le feiceáil roinnte de réir na gcineálacha liostaí agus tá faisnéis le fáil freisin faoi na haturnaetha a bheidh ar taifead i ngach cás.

Bhí a lán eagraíochtaí ón earnáil phoiblí san iomaíocht i ngach catagóir den chomórtas, rud a léiríonn réimse leathan na ngradam. Bhí Teagasc, An tÚdarás Cláraithe Maoine, agus Fáilte Ireland i measc na n-iomaitheoirí eile ar an ngearrliosta i gcatagóir na nEagraíochtaí Stát. Ba é An tÚdarás Cláraithe Maoine a bhuaigh an gradam. D'éirigh le Comhairle Cathrach Phort Láirge an bua a fháil ar www.courts.ie agus ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta i gcatagóir na Gaeilge agus an chraobh a bhreith leo.

D'inis Helen Priestley ón Oifig Faisnéise dúinn "Is mór an gaisce é a bheith ainmnithe do na gradaim seo arís. Sílim go léiríonn réimse leathan na n-ainmniúchán i ngach catagóir an éagsúlacht mhór a bhaineann le láithreáin ghréasáin na hearnála poiblí. Tá na caighdeáin á n-ardú in aghaidh na bliana agus an iomaíocht ag éirí níos géire, ach fáiltímid roimh na dúshláin seo. Tá obair idir lámha faoi láthair ag foireann ár láithreáin gréasáin chun barrfeabhais a chur ar ár seirbhísí Gaeilge agus eile ar an láithreán. Tá súil againn go n-éireoidh leo is go mbeidh láithreán níos fearr againn an bhliain seo chugainn, agus cá bhfios céard a tharlóidh ansin?"



Grianghraf: Rita Nolan agus Fiona Gallagher, Stiúrthóireacht na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí

# Gaeilge... le haghaidh bricfeasta ó éinne?

***Labhraíonn Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna le Chris Lehane ón Oifig Phrobháide a raibh páirt aige i dtionscnamh le déanaí chun foireann na Cúirteanna i mBaile Átha Cliath ar spéis leo an Ghaeilge a bhailiú le chéile le bricfeasta a bheith acu. Insíonn Chris an scéal...***

"Beidh bricfeasta á eagrú againn sa phroinnteach i Teach an Fhionnuisce ar an gcéad Chéadaoin sa mhí le haghaidh foireann cúirteanna Bhaile Átha Cliath ar spéis leo Gaeilge a labhairt, is cuma cé chomh bocht is atá caighdeán na teanga acu. Deis thaitneamhach neamhfhoirmiúil í seo do dhaoine a bhfuil suim acu sa Gaeilge teacht le chéile chun Gaeilge a labhairt agus bricfeasta a ithe.

Ní coiste é seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na Seirbhíse. Ní rang é ach oireadh ina mbeidh múinteoir agus daltaí, agus má thagann tú uair amháin ní bheifear ag súil go dtiocfaidh tú i gcónaí. Ócáid neamhfhoirmiúil atá ann inar féidir leat bricfeasta a ithe linn, Gaeilge a labhairt agus filleadh ansin ar d'oifig agus sásamh coirp agus aigne bainte agat as.

Cén chaoi ar éirigh leis an gcéad bhricfeasta? "Tosú maith, leath na hoibre," arsa Chris. "Ainneoin go raibh an aimsir go huafásach, agus go raibh tús luath i gceist, bhí grúpa mór ón bhfoireann i láthair ag an gcéad bhricfeasta. Bhí an-éagsúlacht Gaeilge ann. Bhí cainteoirí líofa ann agus cainteoirí eile a bhí líofa tráth, ach a raibh meirg tagtha ar a gcuid Gaeilge ceal cleachtaidh ach a bhí a dul i bhfeabhas in aghaidh an nóiméid. Bhí daoine eile ann a bhain leas as an oiliúint sin a fuaireadar maidir le hacmhainní daonna a thug le fios dóibh gur chomharthaíocht choirp atá i 70% de gach chumarsáid (agus cúpla sea, sea, sea agus ní hea, ní hea, ní hea mar anlann uirthi!).

Ceapaim gur féaráilte a rá gur bhain gach duine taitneamh den bhricfeasta agus tá súil againn go mbeidh an méid sin nó níos mó daoine ag an chéad bricfeasta eile ar an 7ú lá de Mhárta. Feicfidh mé sibh ann.!"

# Spotsolas ar Dhlí an Teaghlaigh

**Ní fhéadfaí tuairisc a scríobh faoi chásanna dlí teaghlaigh go dtí gur achtaíodh tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Ba é an riail in camera a ba chúis leis an toirmeasc sin. De thoradh na reachtaíochta sin is féidir linn 'léargas' a fháil ar na cúirteanna dlí teaghlaigh i dtuarascálacha an Dr. Carol Coulter ar foilsíodh an chéad cheann díobh i mí Feabhra. Tugann Gerry Curran tuairisc dúinn ar cheann de phríomhthorthaí na chéad tuarascála agus ar a seoladh agus díríonn sé ar thionscnamh Cúirte Cuarda Luimnigh sa réimse seo a thacaíonn le cúrsaí idirghabhála:**

Tagtar ar réiteach i 90% de chásanna colscartha agus idirscartha sa Chúirt Chuarda de réir torthaí na chéad thuarascála faoi imeachtaí Dlí Teaghlaigh, Cúrsaí Dlí Teaghlaigh, a sheol an tSeirbhís Chúirteanna le déanaí agus a bronnadh ar an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Is é seo an chéad cheann de shraith tuarascálacha. Is tionscnamh é seo a bhfuil sé d'aidhm aige a insint dúinn faoi na cúirteanna teaghlaigh agus cabhrú chun deireadh a chur leis na míthuiscintí agus na finscéalta a d'fhéadfadh a bheith ann, nó a d'fhás ón easpa faisnéise a bhí ann leis na glúin faoin réimse tábhachtach dlí seo a bhaineann le cúrsaí daonna. Ní fhéadfaí dul i mbun an tionscnaimh seo murach an t-athrú a rinneadh ar an dlí in camera. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide í an Dr. Coulter Fostaíodh í le tuairiscí a scríobh ar bhonn píolóta faoin dlí teaghlaigh. Thug foireann na Seirbhíse mórchuid faisnéise agus cabhrach di chun an tuarascáil seo a sholáthar don phobal.




Labhair an Príomh-Bhreitheamh John L. Murray ag an seoladh agus dúirt: "is cuid riachtanach dár gcóras dlíthiúil, faoi réir eisceachtaí a bhfuil foráil fúthu sa dlí, do ndéanfaí an ceartas a riaradh os comhair an phobail. Tá an pobal agus na meáin eisiata ó imeachtaí dlí teaghlaigh faoi réir forálacha na rialach in camera. Tá sé seo ann mar chosaint ar phríobháideachas na dteaghlach sin atá páirteach. Is iomaí uair a ndearnadh gearán faoi. Chun an fhírinne a dhéanamh, aithníonn na breithiúna féin na fadhbanna a eascraíonn toisc nach féidir tuairisciú a dhéanamh ar imeachtaí dlí teaghlaigh ach tá orthu géilleadh don dlí a bhaineann leo. Ní haon ionadh é go bhfuil tuilleadh eolais ón bpobal faoi feidhmiú an dlí teaghlaigh óir baineann sé le rudaí mar cholscaradh, idirscaradh, foréigean baile agus caomhnóireacht agus coimeád leanaí. Tá siad seo ar cuid de na gnéithe is tábhachtaí de shocaí na hÉireann agus is iad sin na cinn is mó a bhíonn díospóireacht ar siúl fúthu. Tá baint aige leis na mílte gach bliain. "

"Má tá tuairiscí le scríobh faoi na treochtaí maidir le cásanna dlí teaghlaigh, is den riachtanas é go mbunófaí iad ar líon mór cásanna agus tógfaidh sé roinnt maith ama go dtiocfaidh na treochtaí chun solais," a dúirt an Tánaiste Michael McDowell. In ainneoin



Grianghraf: an Príomh-Bhreitheamh John L. Murray, an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Michael McDowell T.D. agus an Dr. Carol Coulter

**Baineann Staitisticí na tuarascála le cásanna a ndearnadh cinnte fúthu i Deireadh Fómhair i gCiorcaid Bhaile Átha Cliath áit a éistear an tríú chuid de chásanna colscartha agus idirscartha. Tugann siad 'grianghraf tapa' dúinn dá mbíonn ar siúl de gnáth sa Chúirt Chuarda.**

- Tagtar ar réiteach i 90% de chásanna colscartha agus idirscartha – figiúr a chuireann i dtuiscint dúinn gur mian le formhór na ndaoine seo tosú as an nua arís.
- Is éard a bhíonn ar siúl i gcéatadán an ard de cásanna colscartha ná deireadh a chur le cearta comharbais agus bailchríoch ar a chur ar shocruithe atá déanta ag na páirtithe iad féin.
- Sna cásanna sin ina dtugtar breithiúnais bíonn siad bunaithe ar fhoirmle a d'fhéadfaí a thuar go furasta faoi chúrsaí maoine agus soláthar a dhéanamh le haghaidh leanaí.
- Is iondúil go dtugtar comhchoimeád leanaí sna cásanna a réitítear agus sna cásanna conspóide. Tugtar ceart cúraim agus an príomhionad cónaithe don mháthair de gnáth – rud a léiríonn na cúrsaí praiticiúla a bhaineann le cás na bpáirtithe.
- Léiríonn na figiúirí gur fearr le daoine deireadh glan iomlán a chur lena bpóstaí.
- Níor tugadh íocaíochtaí leanúnacha cothabhála don bhean chéile ach i 5% de na cásanna.

sin is uile, cuireann an tuarascáil seo agus an taighde atá ar siúl faoi láthair tús le sruth faisnéise faoi chásanna dlí teaghlaigh a bheidh an-úsáideach nuair a bheidh beartas á cheapadh amach anseo maidir le dlí teaghlaigh".

Tá an fhaisnéis sa tuarascáil seo le fáil faoi thrí theideal: Tuairiscí, Treochtaí agus Staitisticí, agus Breithiúnais. Tá na tuairiscí scríofa i stíl na nuachtán agus baineann siad le lear cásanna ó áiteanna ar fud na tíre. Bíodh is go ndéantar cinnte nach n-aithneofar na daoine atá i gceist, déantar an réimse dlí a scrúdaítear a mhíniú go shimplí sothuigthe. Tugann an tuarascáil forléargas ar dhá bhreithiúnas a tugadh sa Chúirt Cuarda i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaí. Bhain ceanna acu le rochtain ar chailín beag linbh agus úinéireacht áras an teaghlaigh agus bhain an ceann le hidirscaradh breithiúnach. Sa chás sin bhí tionchar nach beag ag 'iompar' duine den lánúin ar aigne an bhreithimh.

**Tá tús curtha ag Cláraitheoir Chontae Luimnigh le próiseas comhdháil cáis le haghaidh na cásanna dlí teaghlaigh a eisítear ansin. "Ní mór teacht ar chomhaontú chun comhdháil cáis a bheith ann. Bíonn cruinniú ag an gcláraitheoir contae le aturnaetha an dá thaobh nuair a eisítear imeachtaí cúirte. Is í aidhm an chruinnithe ná cabhrú chun cuid de na ceisteanna a réiteach, nó fiú iad go léir réiteach, nó ar a laghad, gearrliosta a dhéanamh de na ceisteanna sin a chaithfear a chur chun trialach. oifigeach dlíthiúil é cláraitheoir an chontae ar féidir leis orduithe cúirte a dhéanamh maidir le nithe mar am comhdaithe cáipéisí, iniúchadh maoine, orduithe eatramhacha um cothabháil agus rochtain, orduithe maidir le follasú agus araile. Scríobhtar miontuairiscí faoi gach ordú díobh agus tá an stádas céanna acu le cinn a dhéanfadh breitheamh na cúirte cuarda. Tá cláraitheoir an chontae freagrach freisin as cásanna a liostú don Chúirt Chuarda. Maidir leis na cásanna sin a ndéantar comhdháil cáis orthu agus a réitítear, nó a bhfuil roinnt gnéithe díobh ar ghá a chur chun trialach, déantar iad sin a chur ar aghaidh go tapa chun go ndéanfaidh breitheamh iad a éisteacht nó aon ordú dlíthiúil atá riachtanach a thabhairt."**

**Tá an-taithí ag Pat a oireann don obair seo mar bhí sé ina leas-stiúrthóir ar na Samaritans i Luimneach, ina chróinéir le haghaidh Iarthair Luimnigh agus is ball é d'Institiúid na nEadránaithe. "Glacadh go fonnmhar leis an nós imeachta seo agus mholadh go hard é. Bhí torthaí an-sásúil air, a chuaigh chun sochar na bpáirtithe," a deir sé agus bíodh is go bhfuil sé deonach d'fhéadfadh daoine a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh pósta an-tairbhe a bhaint as. Bheadh deis acu dul i mbun comhráití gan mórán moille agus teacht ar shocruithe inmharthana.**



Ó chlé: An Seanadóir Maurice Manning, Sean Aylward, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Breitheamh Brian McMahon



Emer Darcy (Oifig na Cúirte Cuarda um an Dlí Teaghlaigh), Jim Finn (Oifig an Scrúdaitheora), Kevin Fidgeon (Oifig na Cúirte Cuarda Bhaile Átha Cliath)




Kevin Cuffe, John Molloy, Madeline Moore agus Seamus Glackin, Oifig na Cúirte Dúiche um Dlí Teaghlaigh Limistéir Bhaile Átha Cliath



# Comhlán suirbhé ár léitheoirí agus cuirfear d'ainm isteach in ár gcrannchur saor in aisce

Is mian linn go mbeadh Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna tráthúil soléite bainteach. Cabhróidh do thuairimí agus na rudaí a deir tú linn é sin a chinntiú. Ní mór aiseolas uait chun é sin a dhéanamh. Bheimis faoi chomaoin mhór agat dá dtógfá cúpla nóiméad chun an ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

**1. Léirigh, le do thoil, an catagóir léitheoirí lena mbaineann tú:**

☐ Ball foirne ☐ Abhcóide ☐ Aturnae ☐ nó eile (Sonraigh le do thoil):______________________________

**2. Inis, le do thoil, an mhéid a thacaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoi Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna**

| | Tacaím go tréan leis | Tacaím leis | Ní thacaím leis |
|---|---|---|---|
| (i) 'Chuir sí feabhas ar an gcaidreamh idir an tSeirbhís agus a foireann agus lucht úsáidte na seirbhíse' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (ii) 'Tá sí spéisiúil faisnéiseach' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iii) 'Tá sí leagtha amach go maith agus tarraingteach le breathnú uirthi' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iv) 'Coinníonn sí cothrom le dáta mé maidir le forbairtí sa tSeirbhís Chúirteanna' | ☐ | ☐ | ☐ |
| (v) 'Tá cothromaíocht mhaith idir ábhar éadrom agus ábhar níos troime inti' | ☐ | ☐ | ☐ |

**3. Inis, le do thoil, céard iad na hailt nó na gné-ailt seo a leanas a léann tú::**

| | I gcónaí beagnach | Anois agus arís | Go hannamh | Ní léim in aon chor í |
|---|---|---|---|---|
| (i) Nuacht na Foirne (ceapacháin, cúrsaí scoir mar shampla,...) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (ii) Ailt Eagraíochtúla (Cúrsaí Teicneolaíocht Faisnéise nó Oiliúna, mar shampla,... ) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iii) Ailt faoi na Tithe Cúirte (Stair nó nuachóiriú, mar shampla,...) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (iv) Forbairtí sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (v) Gné-ailt (Agallaimh agus ar fud an tsaoil, mar shampla,...) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (vi) Cúrsaí Sóisialta agus Pearsanta (lena n-áirítear Comórtais) | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**4. Céard iad na rudaí a mhaith leat níos mó díobh a fheiceáil?**

**5. Céard iad na rudaí a mhaith leat níos lú díobh a fheiceáil?**

**6. Luaigh, le do thoil, roinnt ábhar ar mhaith leat ailt a fheiceáil fúthu i Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna:**

**7. Cad é do mheas ar Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna? Tá sí**

☐ Ar Fheabhas ☐ Go han-mhaith ☐ Go maith ☐ Meánach ☐ Cuibheasach ☐ Lag

**ThGo raibh maith agat as an suirbhé seo a chomhlánú. Gearr amach (nó déan fótachóip de murar mian leat dochar a dhéanamh do do chóip den Nuachtlitir) agus seol ar ais chuig: Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna, (Suirbhé na Léitheoirí), Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Nó bain leas as uimhreacha na gceisteanna agus sheol do fhreagraí mar ríomhphost chuig: co'leary@courts.ie**




**Ar éirigh leat liostaí na Cúirte Cuarda a fháil ar ár láithreán gréasáin?**

Tá liostaí na Cúirte Cuarda le fáil anois ar www.courts.ie: do na contaetha seo a leanas, Ceatharlach, An Cabhán, An Clár, Dún na nGall, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Gaillimh, An Iarmhí, Laois, Liatroim, Loch Garman, Longfort, Lú, Luimneach, Maigh Eo, An Mhí, Muineachán, Port Láirge, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Uíbh Fhailí,

Más mian leat na liostaí seo a rochtain, téigh chuig www.courts.ie, cliceáil ar Legal Diary (1) ón roghchlár ar chlé, cliceáil ansin ar Provincial Legal Diary (2). Cliceáil ar Circuit Court (3) agus roghnaigh an contae atá uait. Tá liostaí le fáil do gach ionad cuarda i ngach contae.

Is féidir Liostaí Achomharc Cúigí na hArd-Chúirte ar Cuaird le fáil i gcás roinnt contaetha ach an rogha seo a roghnú tar éis duit Provincial Legal Diary a roghnú.

## Mórchuid le plé ag seimineár Dlí Teaghlaigh

Tá seimineár faoin dlí teaghlaigh á eagrú ag One Family in áras an Chumainn Dlí, Plás Blackhall ar an Satharn 24 Márta 2007. Is é An Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Michael McDowell T.D., a dhéanfaidh an oscailt. Beidh an seimineár dírithe ar chearta leanaí, cúrsaí tuairiscithe i gcás na cúirte dlí teaghlaigh agus an tionchar atá ag forbairtí an AE ar leanaí agus ar cholscaradh in Éirinn. I measc na gcainteoirí beidh an Dr. Carol Coulter, Inge Clissman Abhcóide Sinsearach agus Geoffrey Shannon, aturnae.

Chun breis eolas a fháil agus áit a chur in áirithe téigh i dteagmháil le: Ailbhe Lee ag 01 662 9212 nó ríomhphost: alee@onefamily.ie

# Seachtain Náisiúnta na Leabharlann: Smaoineamh i bhFuarstóras

**Ar eagla nár éirigh leat teacht ar 'Seachtain na Leabharlann' le déanaí, sheol Joe Donnelly a oibríonn i Leabharlann na mBreithiúna tuairisc thráthúil chugainn le cur i gcuimhne**



**dúinn an tairbhe a bhaineann le leabharlanna speisialtóireachta.**

Deirtear go coitianta gurb earra luachmhar é an t-eolas, agus gurb ionann eolas agus cumhacht. Bhí a fhios ag dlíodóirí i gcónaí, go mór mór i ndlínsí an dlí coiteann, an luach a bhain le faisnéis chruinn inúsáidte a bhí cothrom le dáta. Is éard atá i gcorpas dlí ná líonra coimpléasc ráiteas agus athráiteas. Tugtar sainmhíniú ar phrionsabal i mbreithiúnas; tugtar léirmhínithe air agus déantar é a theorannú agus a fhorbairt sa chásdlí ina dhiaidh sin, agus b'fhéidir go ndéantar leasú reachtúil air freisin. Tugtar léirmhínithe breithiúnacha ar reachtanna freisin. Tá sé ráite gur féidir breathnú ar leabharlann dlí, agus má tá a fhios agat an chaoi chun na heilimintí éagsúla a roghnú agus a chur le chéile, agus má tá tú cinnte nár fhág tú aon fhoinse thábhachtach as an áireamh, gur féidir leat a rá "is é seo an dlí." Bíonn eilimintí an dlí ag athrú i gcónaí, agus leis na céadta bliain tá dlíodóirí ag braith ar leabharlanna dlí a bhailíonn na heilimintí sin le chéile agus a bhaineann ciall astu. Is iad na hAchtanna agus na breithiúnais na bunfhoinsí, ach míníonn téacsleabhair na comhthéacsanna a bhí leo agus tugann tráchtaireacht orthu. Tugann leabhair thagartha stairiúla agus achoimrí cuntas ar léirmhínithe na reachtanna agus na cásanna a iniúchadh, a cuireadh i bhfeidhm nó a cuireadh ar neamhní. Ní mór doiciméadú a dhéanamh fós ar an líonra seo ach is fusa na tagairtí a leanúint inniu le cabhair na hipearnasc i gcáipéis leictreonacha.

Bhí Seachtain Leabharlanna na hÉireann 2007 ar siúl ó 5 go 11 Márta tar éis do Colm Tóibín í a sheoladh i Leabharlann Náisiúnta i mí Feabhra Rinne sí ceiliúradh ar ról na leabharlann agus na leabharlannaithe.

Cuimhníonn formhór na ndaoine ar leabharlanna poiblí nuair a chloiseann siad an focal "leabharlann" ach tá réimse "Sainleabharlanna" in institiúidí acadúla agus taighde, in eagraíochtaí rialtais, gnólachtaí tráchtála, ospidéil agus mar sin de. Príomhacmhainn ag gairmithe dlí iad na leabharlanna dlí. Aithníonn siad foinsí agus cuireann siad ar fáil iad clóbhuailte ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach. Cuireann an focal i scríbhinn muid i dteagmháil díreach le foghlaim, luacha agus cultúir éagsúla a tiomsaíodh leis na glúnta ar fud an domhain. Cuireann an File Ted Hughes i gcuimhne dúinn (Hear it Again, 1997) "go ndearnadh damáiste d'inchinn an chine dhaonna" nuair a loisceadh leabharlann Chathair Alastair fadó. Tá ár leabharlanna cosúil le taiscumair atá lán dár n-eolas comhroinnte agus dár luacha, agus iad eagraithe i slí gur féidir iad sin a aisghabháil, a athúsáid agus sintéis a dhéanamh orthu. Tá aithne níos fearr againn ar Lord Samuel de bharr an ról a bhí aige i ndiaidh éirí amach 1916 agus sa Phalaistín ach ba shnasta an nath a bhí aige nuair a dúirt sé go mba "smaoineamh i bhfuarstóras" í leabharlann (A Book of Quotations, 1947). Tá blas beagán diúltach ar an téarma "fuarstóras" ach is tairbheach é toisc go gcuireann sé i gcuimhne dúinn nach fiú dada an acmhainn mura mbaintear leas as.

Cuid ríthábhachtach de gach leabharlann dlí inniu is iad na foilseacháin leictreonacha. Tá eolas forleathan ag daoine ar na buntáistí a bhaineann le doiciméadú leictreonach: cuardach a dhéanamh i ndoiciméad nó i ndoiciméid éagsúla; hipearnaisc a chuireann ar chumas duine imeacht ó tagairt go téacs iomlán an doiciméid atá i gceist; an cumas an t-ábhar a athúsáid i réimse aschur; agus a saoire agus is féidir iad a scaipeadh (go teoiriciúil ar an aon nós - bíonn "an praghas is daoire ar an earra is saoire" ag teastáil ó roinnt foilsitheoirí tráchtála). Ní bhíonn an oiread sin cainte ar na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo. Beidh cuntas ar an leas a cheadaítear a bhaint as na foilseacháin le fáil sna comhaontaithe ceadúnaithe agus ní mór do leabharlannaithe dul i mbun idirbheartaíochta go cúramach dícheallach. Is do na daoine sin a shainítear sa cheadúnas, agus dóibh sin amháin, a dtugtar an cead rochtana agus ní gach aon duine a bhaineann leas as an leabharlann faoi mar a tharlaíonn is gcás cóip crua. D'fhéadfadh sé tarlú gurb é an ceadúnas, agus nach dlí an chóipchirt, a chuireadh teorainneacha leis na cúinsí inar bhféadfaí ábhar a íoslódáil, a stóráil, a sheoladh nó a chóipeáil. D'fhéadfaí bliana a chaitheamh ag íoc síntiús ach b'fhéidir nach mbeadh dada fágtha ag an leabharlann a luaithe is chuirfí stop leis na híocaíochtaí sin. Dá mba ábhar priontáilte a bheadh i gceist bheadh na himleabhair go léir ar íocadh astu fós ar fáil. D'fhéadfadh sé éirí deacair ábhair a rochtain le himeacht aimsire nuair a thiocfadh athruithe ar crua-earraí agus ar bhogearraí.



**Leabharlann na mBreithiúna**

Labhair an tOllamh Langdell ag Harvard in 1886, agus dúirt go mba eolaíocht a bhí sa dlí agus mhol sé "an tuairim gurb í an leabharlann ceardlann na n-ollúna agus na mac léinn; gurb ionann an leabharlann acu féin agus saotharlanna na n-ollscoileanna ag lucht ceimice agus fisice, nó músaem stair an dúlra ag zó-eolaíthe nó luibhghairdín ag luibheolaithe." (3 Law Quarterly Review 123 at 124).

Achtanna agus breithiúnais a chuireann beocht i ndlíthe ach is sna leabharlanna dlí a mhúnlaítear iad.

# Scéal faoi cheapacháin bhreithiúnacha



An Breitheamh Joseph Finnegan

**Ceapadh an Breitheamh.** Joseph Finnegan mar bhreitheamh sa Chúirt Uachtarach. Rinne sé staidéar ar an dlí sa Choláiste Ollscoile, BÁC agus glacadh leis mar aturnae i 1966. Lean sé gairm aturnae go dtí 1978 nuair a glaodh chun an bharra é. Glaodh chuig Barra na Sinsear é i 1990 agus ceapadh mar bhreitheamh san Ard-Chúirt é i 1999. Ceapadh é mar Uachtarán na hArd-Chúirte i 2001.



An Breitheamh Richard Johnson le clann a chlainne

**Ceapadh an Breitheamh Richard Johnson** mar Uachtarán na hArd-Chúirte. Bhí sé ina bhreitheamh san Ard-Chúirt ó 1987 agus bhí sé ina bhall den Chúirt Choiriúil Speisialta freisin. Rinne sé staidéar ar an dlí sa Choláiste Ollscoile, BÁC agus ag Óstaí an Rí agus glaodh chun an bharra é i 1960.



An Breitheamh Peter Charleton

**Ceapadh an Breitheamh Peter Charleton mar bhreitheamh san Ard-Chúirt.** Rinne sé staidéar ar an dlí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus in Óstaí an Rí agus glaodh chun an barra é i 1979. D'oibrigh sé mar chúntóir ag Peter Sutherland, Abhcóide Sinsearach agus glaodh chuig Barra na Sinsear é i 1995. Tá roinnt foilseacháin scríofa aige faoin dlí coiriúil agus tá mórchuid alt leis foilsithe in irisí acadúla Éireannacha agus idirnáisiúnta.



An Breitheamh Maureen Clark

**Ceapadh an Breitheamh Maureen Clark** mar bhreitheamh san Ard-Chúirt. Toghadh í mar bhreitheamh sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ia Feabhra, 2003 agus bhí sí ina breitheamh roimhe sin ar an mBinse Idirnáisiúnta um Choireanna Cogaidh san iar-Iúgslaiv. ceapadh í don phost sin i Meán Fómhair, 2001. Rinne sí staidéar ar an dlí sa Choláiste Ollscoile, BÁC agus ag Coláiste na Tríonóide agus glaodh chun an bharra í i 1975.



An Breitheamh Dympna Cusack lena clann

**Ceapadh Dympna Cusack** mar bh-reitheamh sa Chúirt Dúiche. Rinne sí staidéar in Óstaí an Ríagus glaodh chun an barra í i 1986. Bhí sí an ball den Chomhairle Barra ar feadh 2 bhliain agus bhí sí ar Choiste Oideachais Óstaí an Rí le breis agus 6 bliana. D'oibrigh an Breitheamh Cusack mar abhcóide i mBaile Átha Cliath don chuid is mó agus leis an Binse Achomhairc Fostaíochta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí sí ina cathaoirleach air ó 1998 i leith.

**Ceapadh an tUas. Patrick J. McMahon** mar bhreitheamh sa Chúirt Dúiche. Rinne sé staidéar ar an dlí sa Choláiste Ollscoile, BÁC agus bhí sé ina aturnae le hEamonn Greene & Co., Droicheadh na Dothra ó 1971 i leith. Bhí sé ina chomhpháirtí iomlán fiosrúcháin ann ó Iúil 1978, agus ba Chomhpháirtí Bainistí ann é nuair a ceapadh é mar bhreitheamh.



An Breitheamh Patrick J. McMahon agus a chlann



An Breitheamh Desmond A. Zaiden agus a chlann

**Ceapadh an tUas. Desmond A. Zaidan** mar bh-reitheamh sa Chúirt Dúiche. Rinne sé staidéar ar an dlí ag Óstaí an Rí agus glaodh chun barra na hÉireann é i 1990. Glaodh chun an barra é i Siarra Leon i 1992. Bhí speisialtacht aige mar abhcóide sa dlí coiriúil. Bhí an Breitheamh Za-idan ina bhall den International Association of Refugee Law Judges ó 2004 agus ina bhall den Bhinse Achomhairc Dídeanaithe ó bunaíodh é.

**Ba mhaith le Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna gach rath a ghuí ar na Breithiúna nuacheaptha ina bpoist nua.**

# Ag iarraidh dul i dteagmháil leis an bpobal – ag cur cuairteanna in oiriúint do riachtanais éagsúla.

**Féadfaidh grúpaí pobail cuairteanna a thabhairt ar na Ceithre Chúirt ar shlí a bheidh deartha go speisialta chun freastal ar na riachtanais sainiúla atá acu. Is cuid de Sheirbhís For-rochtana na Seirbhíse Cúirteanna é seo. An bhfuil bealach níos fearr chun córas na gcúirteanna a thaispeáint do dhaoine óga ná a fhiafraí díobh céard is mian leo a fháil amach agus ansin cead a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil taithí acu é sin a insint dóibh, agus nach tairbhí go mór do dhream atá ag foghlaim faoin dlí cuairt a thabhairt ar theach cúirte agus labhairt leis na daoine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas? Tugaimid súil siar ar roinnt cuairteanna a tugadh le déanaí:**



**Ballymun Outreach Group**

Bhain grúpa daoine óga ó thionscnamh Ceannaireacht Óige Thuaidh leas as clár For-rochtana na Seirbhíse Cúirteanna le déanaí. "Go riabh míle maith agat as an t-am a ghlacadh le bualadh lenár ngrúpa," arsa Ros Palmer, Comhordaitheoir an Tionscadail. "Bhain na daoine óga an-taitneamh as an gcaint a thug tú agus as an ndíospóireacht ina dhiaidh."

Cén chaoi ar chabhraigh an tSeirbhís Chúirteanna leo? "Shocraíomar turas na gCeithre Chúirt chun go bhféadfadh na daoine óga triail a fheiceáil," arsa Teresa Brophy Comhordaitheoir Scéim For-rochtana na Seirbhíse Cúirteanna. "Bhí deis acu freisin labhairt le haturnae faoin gcaoi a n-oibríonn ár gcóras dlí. Shocraíomar go mbeadh an díospóireacht acu i seomra folamh cúirte chun go bhféadfaidís ceisteanna a chur faoi cé a bheadh ina s(h)uí ina leithéid d'áit agus cén fáth." D'inis ár stiúrthóir gréasáin Mary Murphy dóibh faoi rudaí ar ár láithreán gréasáin, www.courts.ie ar dhíol spéise do dhaoine óga iad, agus d'inis ár gComhairleoir Chaidreamh na Meán Gerry Curran dóibh faoin imoibriú idir na meáin agus na cúirteanna. "Chuir an grúpa an-spéis san obair a dhéanaimid agus bhí lear mór ceisteanna acu faoi gach gné d'obair na gcúirteanna agus faoinár réimsí oibre féin. B'iontach an rud é lucht éisteachta a bheith againn a bhí chomh díograiseach sin agus chomh fiosrach faoi gach rud ó úsáid na Gaeilge sna cúirteanna go gairmeacha a d'fhéadfadh a bheith acu," arsa Mary.

Bhain Ionad Dlí an Phobail, Baile Munna leas as an gClár For-rochtana chun cuairt a eagrú do ghrúpa ó láithreán stad Naomh Máiréad. Labhair Emer Darcy ó oifig Chuarda an Dlí Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath faoi cholscaradh agus faoi iarratais eile maidir le dlí teaghlaigh a bhíonn a hoifig ag plé leo. Chuaigh an grúpa ar chuairt chuig Cúirt Dúiche na Smachtlainne le linn a dturais. Mhol an dlíodóir i gceannas ar Ionad Dlí an Phobail, Bhaile Munna an cuairt go hard. "D'éirigh thar cionn leis" ar seisean agus dúirt go raibh an grúpa faoi dhraíocht ag na cúirteanna agus ag "na mínithe den scoth a tugadh dóibh."Law Centre was very enthusiastic about the visit saying it "was an outstanding success" and that the group was enthralled by the courts and "all of the excellent elucidation provided".

**Céard é Clár Comhphairtíochta na Ceannaireachta Óige Thuaidh?**
Is clár é seo a bhfuil sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an gcaidreamh atá ag daoine óga lena bpobail féin agus iarracht a dhéanamh go mbeadh páirt acu sna cinntí a dhéantar faoi na pobail seo. Tá sé d'aidhm aige freisin cur ar chumas na ndaoine óga a muinín agus a féinmheas féin a fhorbairt, ról ceannaireachta a ghlacadh ina bpobail agus cabhrú leo páirt éifeachtach a ghlacadh sna próisis chinnteoireachta ar gach leibhéal den tsochaí.
Bíonn clár ilchineálach le déanamh i rith na scoilbhliana ag na daoine a ghlacann páirt i gclár ceannaireachta na hóige, lena n-áirítear cuairteanna ar ionaid éagsúla agus díospóireachtaí mar threisiú lena gcuid foghlama. Bíonn gnéithe maidir le neartú foirniúlachta, agus cíoradh agus tuiscint ceisteanna éagsúla mar chuid de na gníomhaíochtaí seo agus de ghníomhaíochtaí eile freisin, agus é d'aidhm acu cur leis an dtuiscint atá acu ar an bpróiseas daonlathach rannphairtíoch. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gclár seo ach dul i dteagmháil le:
**Ros Palmer, Comhordaitheoir Tionscnaimh, Ionad Forbartha na Cúlóige, Céide Bhun Raite, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17.**

# Ag cur fáilte roimh ár gcomhghleacaithe ón Iorua

Ba chóir fáilte a chur i gcónaí roimh deiseanna ár gcuid oibre a chur i gcomparáid leis an obair a dhéantar i dtíortha eile. Bhí Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna ina hóstach ar cuairt a thug Roinn Faisnéise Riaracháin Chúirteanna Náisiúnta na hIorua le déanaí. Níl an Roinn Faisnéise sin ach thart faoi ceithre bliana d'aois, agus bhí an fhoireann ar a thuras gearr go Baile Átha Cliath mar chuid de thuras níos faide agus cúrsa oiliúna i Londain mar chuid de. Eagraíodh an turas ar mholadh bhreithimh Ioruaigh a thug cuairt ar an Seirbhís Chúirteanna mBaile Átha Cliath mar chuid de thoscaireacht cuairteoirí.
Tríd is tríd, tá a bpríomhréimse oibre an-chosúil leis an obair a dhéanann an Oifig Faisnéise in Éirinn. Bainistíonn siad láithreán gréasáin (www.domstol.no), bíonn siad ag plé leis an bpobal agus na meáin agus tá iris dá gcuid féin acu. Rinneadh cur i láthair ar réimsí éagsúla, ina measc déileáil leis na meáin, bainistiú an láithreáin gréasáin, ábhar a chur ar fáil i scríbhinn (agus Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna san áireamh) agus clár for-rochtana a fhorbairt. Thug siad seo deis dúinn an obair a dhéantar in Éirinn a chur i gcomparáid le hobair na hoifige san Iorua.
"Bíodh is go mba thuras gearr a bhí ann, fuaireamar amach go raibh a lán de na ceisteanna céanna le réiteach agus na dúshláin chéanna le sárú againn araon san obair a dhéanaimid," arsa Helen Priestley, Ceannaire na hOifige Faisnéise linn. "Ábhar sóláis dúinn a chloisteáil go bhfuil orthu siúd faisnéis a sholáthar i dteangacha éagsúla, go bhfuil na hoifigí scartha i bhfad amach ó chéile agus go mbíonn orthu caidreamh agus díospóireachtaí a bheith acu le dreamanna éagsúla a bhí ag iarraidh an córas a úsáid! Bíodh is go bhfuil córas éagsúil dlí acu agus teanga eile ba léir dúinn go raibh mórchuid rudaí againn araon."
Is é Erling Moe Stiúrthóir Cumarsáide Roinn Faisnéise na hIorua agus thacaigh sé lena raibh le rá ag Helen.
"Cúis mhór áthais dúinn gur thángamar ar an turas. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis an tSeirbhís Chúirteanna as cruinniú úsáideach inspioráideach a eagrú. Clár den scoth a bhí ann agus cuireadh na hábhair i láthair go breá."

# Bualadh leis 'an Ochtú Bean is Cumhachtaí ar Domhan'

**Tugadh 'an t-ochtú bean is cumhachtaí ar domhan uirthi', agus mar sin cén chaoi a d'fheadfaimis diúltú don seans éisteacht léi is í ag caint? Tá an Breitheamh Ruth Bader Ginsburg ina Breitheamh ar Chúirt Uachtarach SAM agus bhí sí in Éirinn le déanaí ar chuireadh OÉ, Gaillimh. Thapaigh Gerry Curran go fonnmhar leis an deis labhairt léi.**

Ba é sin a dúirt Breitheamh na Cúirte Uachtaraí SAM Ruth Bader Ginsburg, agus í ag iarraidh na mothaithe a bhí ag éirí inti a cheansú nuair a bhí sí i mbun 'comhrá' le mic léinn dlí in OÉ Gaillimh le déanaí. Labhair sí ar bhealach domhain gona faoi a lán ábhar a bhí tábhachtach bainteach conspóideach, agus faoi phionós an bháis. D'éirigh léi a bealach a dhéanamh go haclaí trí na baic agus na srianta daingne sin go léir atá ceaptha chun nach mbeidh breitheamh de Chúirt Uachtarach ar bith in ann a smaointe féin a thabhairt. Bhí an scéal ní ba dheacra fós do bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, SAM agus do bhean arb é meas iris Forbes uirthi gurb ise 'an t-ochtú bean is cumhachtaí ar domhan.'

> Bhí sé le cur chun báis ar a 4.00 a.m. D'fhan mé i mo shuí. ar feadh na hoíche go dtí a sé a chlog.C aith mé an oíche ag caoineadh.

Deir sí gur féidir an cur síos sin a dhéanamh uirthi toisc gur rugadh ag an am ceart í agus toisc go mba dhlíodóir í "ag tráth a d'fhéadfaí an tsochaí a athrú, chun aitheantas a thabhairt do stádas comhionann na mban mar dhaoine agus mar shaoránaigh." Bhí agallamh agam léi ní ba thúisce inar chuir mé roinnt ceisteanna achrannacha uirthi, ach a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo, is ba léir dom gur bheag ceist a d'fhéadfadh na mic léinn seo a chur uirthi a chuirfeadh as di.

Bhí cóip bheag de bhunreacht SAM ina glaic aici, agus an oiread sin eolas aici faoi stair gach ceiste sular thug an Chúirt Uachtarach breith uirthi go raibh sí sásta aon ábhar a phlé ach amháin Gore v Bush agus cé a bhuaigh an toghchán sin, agus rudaí nach dtagann faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí; ar nós beartas eatramhach SAM, nó rudaí a d'fhéadfadh teacht faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí; ar nós... beartas eatramhach SAM!

### Ó Amhránaí Iontach go Dlíodóir

Cheap an tUachtarán Clinton í mar bhreitheamh ar an gCúirt agus meastar gur duine liobrálach í a raibh an vóta réitigh aici ar feadh roinnt blianta toisc go raibh an chúirt roinnte go cothrom idir liobrálaigh agus coimeádaithe. Bhí sé seo le rá aici faoin gcúis ar roghnaigh sí an dlí, "D'fhéadfainn a bheith i m'amhránaí iontach opera, dá mbeadh tálann ar bith agam chuige. Guth leadránach atá agam, áfach. Fuair mé amach go raibh tálann léitheoireachta, scríbhneoireachta agus argóna agam agus an bhfuil cáilíochtaí níos fearr ag aon duine le bheith ina dhlíodóir?" Deir sí go mba "dhuine óg ó Brooklyn" í a chuaigh chun na hollscoile sna 50dí. B'olc an tráth é sin maidir le saoirsí pearsanta i SAM, agus greim ag feachtas McCarthy ar an tír.

Bhí scanradh ar dhaoine roimh cumannachas ag an am agus bhíothas ag maíomh "go raibh cumannaigh i ngach cófra". "Diaidh ar ndiaidh thuig mé gurbh iad na dlíodóirí ba mhó a raibh meas acu ar ár mbunluacha a bhí ag seasamh in aghaidh na tíorántachta sin agus ag cosaint cearta daoine labhairt agus scríobh mar ba mhian leo. Tuigeadh dom go bhféadfainn airgead a thuilleamh agus roinnt rudaí maithe a dhéanamh ar son an phobail dá mbeinn i mo dhlíodóir."

### Saoirse Cainte

Is é seo a bhí le rá aici faoi shaoirse cainte: "Gabhaim buíochas go bhfuil eagraíochtaí ann a bhíonn ag faire i gcónaí ar iarrachtaí an rialtais srianta a chur le caint daoine agus go dtugann siad a dhúshlán. Bíonn teannas idir saoirse agus slándáil ó am go chéile i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tá an teannas sin ann faoi láthair. Tá na cúirteanna ar oscailt más mian le duine gearán a dhéanamh. Beidh an bua ag do namhaid má dhéanann tú dearmad ar na rudaí sin a dhéanann duine



An Breitheamh Ruth Bader Ginsburg le mic léinn Chumann Dlí OÉ, Gaillimh.

sibhialta díot." Labhair sí faoi chuireadh a thabhairt don Bhreitheamh Kennedy teacht agus imeacht a oscailt nuair a bhí sí ag freastal ar choláiste agus thosaigh léirsitheoirí ag béicíl in ard a ngutha. Ba mhian leis an lucht slándála glaoch ar thuilleadh póilíní ach mhol an Breitheamh Kennedy dóibh gan é sin a dhéanamh agus dúirt go raibh saoirse cainte ag na hagóideoirí. Bhí an Breitheamh Ginsburg ina seasamh ar chéimeanna na hardeaglaise na blianta ina dhiaidh sin agus í ag féachaint ar a shochraid ag



teacht nuair a thosaigh agóideoir ón ngluaiseacht ar son na beatha ag béicíl gach cineál gearán faoin mbreitheamh marbh trí challaire. Rinne sí machnamh agus dúirt léi féin – chreid sé i saoirse cainte agus tá gach seans ann go mbeadh sé sásta é a cheadú."

### Coimhlint ar son Cearta

Maidir le ceapadh go mbeadh sí ina Breitheamh ar an gCúirt Uachtarach lá éigin, bhí sé seo le rá aici: "Nuair a glaodh chun an Barra mé i 1959 ní fhéadfadh bean ar bith samhlú go bhféadfadh sí suí lá éigin sa Chúirt Uachtarach. Ní raibh ach bean amháin riamh a shuigh ar Chúirt Achomhairc Fheidearálach. Post i ngairm an dlí a bhí uaim." Bhí iníon ceithre bliana d'aois aici nuair a bhain sí a céim amach. "Bhí míbhuntáiste faoi leith agam. Ó ba bhean agus ba mháthair mé ba dheacra fós post a fháil. Bhí seans ann go nglacfaí le bean ach b'fhéidir go mbeifí ag súil leis an iomarca uathu go bhfostóidís máthair." Thug sí cuntas ar a gairm sna 60í agus na 70í agus dúirt go raibh SAM ag troid sa Dara Cogadh Domhanda in aghaidh cumhachtaí tíoránta a raibh beartais thréana chiníocha acu. "Ach bhíothas ag brú an leithscartha chun cinn sa bhaile i gcuid de na Stáit." Ní fhéadfadh scéal mar sin leanúint ar aghaidh tar éis a raibh feicthe agus fulaingthe ag daoine i rith an chogaidh, agus rinneadh an ghluaiseacht cearta sibhialta agus an gluaiseacht feimineach a athbheochan ina dhiaidh.

### Chuaigh na cúirteanna i ngleic le ceisteanna fíorchonspóideacha

Nuair a cuireadh ceist uirthi an raibh "ar tháinig fás ar an gcaoi ar thuig daoine an bunreacht" seachas é a bheith á léamh ar bhealach tógálach ag polaiteoirí agus ag na breithiúna, d'fhreagair sí: "Bhí an reachtas ag seachaint a dhualgais ar eagla go ndófadh siad a méara le ceisteanna fíor-chonspóideach. Bhí drogall ar pholaiteoirí aghaidh a thabhairt ar an leithscaradh. D'fhág siad an obair sin faoi na breithiúna. Mhainnigh an reachtas agus ag an bhfeidhmeannas agus d'fhágadar faoi na breithiúna an obair a bhí le déanamh." Fágadh an fhreagracht maidir le deireadh a chur leis an gcóras leithscartha ar na cúirteanna in ndiaidh an chogaidh, rud a rinneadh sa chás Brown v Board of Education (1954) nuair a chinn an Chúirt Uachtarach nach raibh leithscaradh ceadaithe sna scoileanna. In ainneoin sin is uile, thóg sé na blianta an lámh in airde a fháil ar reachtais agus feidhmeannais na Stát sin a bhí ag diúltú é a chur i bhfeidhm. "Is iomaí breitheamh cróga a raibh páirt aige/aici ina athrú."

### Mná sa tSochaí

Sular achtaíodh an 'Husband and Wife Property Act', níor glacadh le mná mar dhaoine fásta. Ní raibh cead ag mná pósta conarthaí a dhéanamh, nó an dlí a agairt is ní fhéadfaí an dlí a agairt orthu. Níor chuid den phobal polaitiúil iad na mná. Céim chun tosaigh a bhí i ngach rud a bhaineadar amach. Céimeanna acu a ba ea cead vótála a fháil i 1920 agus cead a fháil i bhfad ina dhiaidh sin, seirbhís giúiré a dhéanamh. Go dtí sin bhíodar "géilliúil dá hathair ar dtús, agus ansin dá fear céile". D'inis sí do mhic léinn na Gaillimhe nárbh aon cheist theibí theoiriciúil í bean a bheith ina huachtarán. "D'fhéadfainn bean a shamhlú á toghadh mar Uachtarán agus d'fhéadfadh se tarlú go han-luath freisin," ar sise. Ní dúirt sí a thuilleadh ach tháinig monabhar gáire ón lucht éisteachta a thug le fios "Tá a fhios againne freisin cé hí Hilary".

D'admhaigh sí é sin in agallamh a bhí aici ní ba luaithe le Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna dúirt rud ní ba thábhachtaí fós nuair thug sí le fios nach raibh post ar bith ann nach bhféadfadh sí bean a shamhlú ann. Tá mná ina nGobharnóirí, ina bPríomh-Bhreithiúna ina lán de na Stáit inniu. Tá siad gach aon áit. Tá bean againn mar Cheann Comhairle i dTeach na nIonadaithe den chéad uair riamh."

### Inspioráid Oileánach

Nuair a tharraingítear anuas an cheist faoi céard iad na nithe a théann i bhfeidhm ar na cúirteanna agus céard iad na rudaí a ndéanann siad tagairt dóibh, luaim toradh a tháinig chun solais le déanaí gurbh ó Wikipedia (ní hé seo...?) a tháinig 100 de na rudaí a ndearnadh tagairt dóibh le ceithre bliana



Ted Harding B.L. leis an mBreitheamh Ruth Bader Ginsburg



anuas... An Chúirt Uachtarach a deirim go tapa), agus déanann sí gáire os ard. Níos dáiríre faoin moladh nach mbreathnaíonn na SA lasmuigh dá teorainneacha do chomharthaí dlíthiúla, deir sí “Ní raibh am ar bith sna SA nuair nár bhreathnaíomar níos faide ná na teorainneacha atá againn féin d’ionsparáid. Dúirt an tArd-Bhreitheamh Marshall iontach go raibh an dlí idirnáisiúnta mar chuid den dlí againn féin. Tagraíonn an Bunreacht do dhlíthe na náisiún. Bhí an-scolaíocht ag bunaitheoirí na Stáit Aontaithe sna scríbhneoirí móra – bhí ainmneacha na mór-roinne ar eolas acu go maith. Ní raibh am ar bith inar bhreathnaíomar orainn féin chomh géar sin agus nár bhreathnaíomar ar fhoinsí eile. Is cosúil nach dtuigeann daoine áirithe inár gComhdháil é seo na laethanta seo. Iontas ná go bhfuil an dlí comparáideach á cheistiú ag daoine áirithe mar chuid den dlí againn féin”. Míníonn sí, “ní aimsíonn muid údarás ceangailteach riamh ó thar lear, ach déanann muid tagairt di nuair atá argóintí á mbunú. Is féidir leis an mbreitheamh, mar dhuine intleachtúil, í seo a úsáid chun réiteach a fháil ar fhadhb. Tá an oiread sin tíortha rialaithe ag doiciméadú idirnáisiúnta ar chearta an duine, mar shampla i Laurence v Texas, an CECD (ECHR), coinbhinsiúin na NA agus prionsabal na gcearta polaitiúla, agus bhí díothú na bhfoirmeacha uilig de chine-idirdhealú tagraithe. Sa chéad cás a thóg mé go Cúirt Uachtarach na SA, d’úsáid mé samplaí ó Chúirt Uachtarach na hIar-Ghearmáine. Bhreathnaíomar thar lear i gcónaí do chórais a roinneann na luachanna céanna againn féin – do mheonta maithe eile. Bheadh sé nua dá stopfaidís á dhéanamh.”

### An Iaráic

“An cogadh é an cogadh san Iaráic atá bunreachtúill?” a dúirt mac léinn cróga amháin. “Ní féidir liom freagra a thabhairt ar an gceist seo toisc go n-ardaíonn tú ceisteanna go bhféadfaí teacht os comhair na cúirte s’againne. Dá mbeinn chun tuairim a nochtadh gan buntáiste agam a chloisteáil cad a bhí ráite ag breithimh na gcúirteanna níos ísle, gan na cuntais a scríobhann na dlíodóirí, gan an argóint bhéil, d’fhéadfadh duine ar bith a rá lena gceart a thabhairt dóibh go raibh réamhbhreitheamh déanta aici ar an gcás agus nár cheart go gceadófaí di suí isteach air mar sin. Géillim do cheisteanna mar sin”. Tá taithí aici ar seo agus luann sí iad seo le sásamh-

**“tagraítear don diúltú a bhí aici freagra a thabhairt faoi chásanna hipitéiseacha sa todhchaí, nuair a tháinig sí os comhair éisteachtaí deimhnithe an tSeanaid, anois mar‘Prionsabail Ginsburg’.”**

agus pléisiúr nach ndéantar a cheilt – nuair a dhéantar í a bhrú ar ‘b’fhéidir seo nó siúd’. Níor vótáil ach trí sheanadóir as 100 in aghaidh a hainmniúchán.

### Ag seachaint an Rubicon a thrasnú

Tar éis Dickerson v US, d’aisiompaigh an Comhdháil cinneadh na gcúirteanna agus d’aisiompaigh an Chúirt Uachtarach an cinneadh sin acu arís. Ar an gceist maidir le trasnú an Rubicon a sheachaint ar dheighilt na gcumhachtaí – sa chás seo ar rabhadh na n-amhrastaigh (beidh aithne ag lucht féachana na gcláracha póilíní teilifíse leis na ‘rialacha Miranda ’ seo), d’fhreagair sí; “‘Sí an cheist ná an treoir go bunúsach do phóilíní iad rialacha Miranda nó ar thángadar ón gcúigiú leasú féin, atá mar chuid de Bhille na gCeart agus ráthaíocht in aghaidh an fhéin-ionchoirithe. Tá rabhaidh Miranda deartha le go bhforfheidhmeofar, trí mhodh an rabhaidh do cheart an tosta, ceart chun comhairle dlí, go n-úsáidfear faisnéis a thugtar, agus an ceart d’abhcóide mura bhfuil d’acmhainn aige ceann a íoc. Shíl an Comhdháil nár eascraíodar ón mBunreacht féin agus cheadaíodar dlí ag airbheartú cearta Miranda a chur ar neamhní. Dúramar “ní hea, ní féidir leat sin a dhéanamh” mar tá siad ag forfheidhmiú an chúigiú leasaithe agus mar chuid den chosaint i gcoinne an fhéin-ionchoirithe. Níor fhreagair an Comhdháil dó seo. Sílim chomh conspóideach agus a bhíodar nuair a tugadh isteach iad, glacann gach duine leo anois agus cloiseann tú iad ar chláracha teilifíse, agus dar ndóigh sin mar gur cheart go mbeadh”.

Ar an gceist maidir le cé chomh cróga agus a chaithfidh tú a bheith dul in aghaidh na taoide nó polasaí an rialtais sonraíonn sí “Tá sábháilteacht iontach ag baint le poist na mbreitheamh feidearálacha sna SA . Ní féidir tuarastail a laghdú agus tá ceapachaín againn dár saol uilig – d’iompraíocht mhaith!” Caitheann sí ar leataobh aon mholadh atá ann dul ar scor ag nótáil go bhfuil an comhghleacaí is sine aici in aois 86, agus gan comhartha scoirthe ar bith le brath, tá smacht iomlán aige ar a chuid acmhainní ar fad agus é ar an mbreitheamh is tapúla i dtéarmaí casadh timpeall agus a chuid tuairimí a nochtadh arais arís chuig baill eile na cúirte. Ba cheart do bhreithimh seilbh a choinneáil ar a noifigí le linn iompraíochta mhaith – ní ceist mhór í seo toisc go bhfuil an chuid is mó de bhreithimh feidearálacha d’iompraíocht mhaith.”

### Cúirt Uachtarach Nósmhar

Ag glacadh leis don chuid is mó, tá dlíodóirí os comhair na Cúirte Uachtaraí réasúnta ábalta agus go bhfuil réimse de



Donncha O'Connell, Déan an Dlí, OÉ Gaillimh agus Ted Harding, B.L.

dhlíodóirí fíorchumasacha ag an Aturnae Ginearálta chun a gcás a argóint, sonraíonn sí nuair nach bhfuil ionadaíocht á dhéanamh do dhlíthí nó drochphléadálaí acu go ndéanann an chúirt abhcóide den chaighdeán is airde a cheapadh- "príomhbhaill an Bharra".

Chuir mé aici go raibh traidisiún béil an chórais feidearálach sna SA bunaithe ar chomhraic agus go bhféadfadh sé seo tuairim sceabhach a chruthú sa mhodh ina dhéileálann na cúirteanna le rudaí agus dúirt , "Ní cogadh gach argóint. Is comhrá sáiteach idir dhlíodóirí feasacha ar thaobh amháin agus breithimh ar an taobh eile."

Dúirt sí go raibh atmaisféar na cúirte an-dian toisc go raibh na páirtithe srianta d'argóint leath uair an chloig le móran trasnálacha ón mbinse. "Déantar é a stiúradh an-nósmhar, ach an-tapaidh mar sin féin. Ní thuagann dlíodóirí óráid réitithe mar brisfidh breithimh isteach le ceisteanna, tar éis beagnach dá abairt iomlán, má tá an t-ádh leo."

Tá an binse ag brath go príomha ar an mionteagasc a thugtar dóibh ar gach cás áirithe. Ní cheadaítear ach 50 leathanach de pháipéarachas réamhthaisccthe don dá thaobh dá mionteagasc oscailte. Tá scór leathanach ceadaithe mar fhreagra don dá thaobh agus 30 leathanach ceadaithe don amicus curiae.

**Tá Faisnéis Go Maith**

Is cainteoir poiblí iontach í i gcomparáid le mórán atá sna céimeanna is airde de chúrsaí dlí agus is cosúil gur breá léi comhluadar na mac léinn don 'chomhrá' iomlán agus ina diaidh do chomhráití níos neamhfhoirmeálta. "Tá sé thar a bheith tábhachtach daoine a chur ar an eolas faoin dlí agus na cúirteanna. Casaim le scoileanna agus mic léinn go rialta, a thagann ar cuirt chun na cúirte. Tá scannán fiche nóiméad againn le taispeáint do chuairteoirí agus amharclann bheag chun é a thaispeáint ann. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh muid iarracht a mhíniú conas mar a oibríonn na cúirteanna. Is institiúd oscailte í an chúirt agus airím go bhfuil cuid den fhreagracht orm tuiscint níos fearr ar an bpróis bhreithiúnach a chruthú".



An Breitheamh Bader Ginsburg, An tOllamh Martin Ginsburg, Ruairi Talbot, Cathal Grennan & Orlaith Molloy.

**Faisnéis bheatháisnéiseach: An Breitheamh Ruth Bader Ginsburg, Comh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí i Stáit Aontaithe Mheiriceá**

Rugtha i mBrooklyn, Nua Eabhrac, Márta 15, 1933. Phós sí Martin D. urg i 1954 agus tá iníon Jane agus mac James aici. Ghnóthaigh sí a B.A. ó Ollscoil Cornell, d'fheastail sí ar Scoil Dlí Harvard agus d'aimsigh sí a LL.B ó Scoil Dlí Columbia. D'fhreastail sí mar chléireach dlí don Bhreitheamh Onórach Edmund L. Palmieri, ó Chúirt Dúiche na Stáit Aontaite do Dhúiche an Deiscirt i Nua-Eabhrac, ó 1959 -1961.

Ó 1961 - 1963, bhí sí mar chomhlach taighde agus ansin mar stiúrthóir comhlach ar Thionscnamh Scoile Dlí Columbia ar Nós Imeachta Idirnáisiúnta. Bhí sí mar Ollamh le Dlí ag Scoil Dlí na hOllscoile Rutgers ó 1963 - 1972 agus Scoil Dlí Columbia ó 1972 - 1980 agus mar chomhalta at the Ionad Ardstaidéir na nEolaíochtaí Iompraíochta i Stanford, California ó 1977 - 1978. I 1971, bhí sí lárnach i lainseáil Thionscadal Cearta na mBan i gCumann Saoirsí Sibhialta Mheiriceá agus d'fhreastail sí mar Abhcóide Ginearálta an CSSM ó 1973 - 1980 agus ar Bhord Náisiúnta na Stiúrthóirí ó 1974 - 1980. Ceapadh í mar Bhreitheamh i gCúirt Achomharc na Stáir Aontaithe do Dhúiche na Cuarda Columbia i 1980. D'ainmnigh an tUachtarán Clinton í mar Bhreitheamh Comhlach na Cúirte Uachtaraí agus thóg sí a suíochán ar an 10 Lúnasa, 1993.



# Ó Sheirbhís Mátrúin go Seirbhís Cúnta Fostaithe

**Rianaíonn Deirdre Maye, Oifigeach Cúnta Fostaithe na Seirbhíse Cúirteanna forbairt ar an gcúnamh don fhoireann.**

Bhí an Státseirbhís chun tosaigh go stairiúil mar fhostaí, i seirbhís leasa foirne a sholáthar dá bhfostaithe ar fad. Tá fostóirí san earnáil phríobháideach, ar an lámh eile, ag iarraidh teacht suas leis an leibhéal seosa mhéid agus nach bhfuilid a réalú na buntáistí de Chlár Cúnta Fostaithe a soláthar agus a fhorfheidhmiú go dtí anois. Is féidir Seirbhís Cúnta Fostaithe na Státseirbhíse, mar atá aithne uirthi inniu, a rianú siar go Státseirbhís na 1950í nuair a bhí "Seirbhís Mátrúin" soláthraithe i ngach Roinn chun maoirsiú a dhéanamh ar shláinte agus leas na mball foirne. Scór blianta níos déanaí, go luath sna 1970í, ceapadh na hOifigigh Leasa tosaigh sna Ranna Rialtais ar fad. Bhí ról níos traidisiúnta agus frithghníomhaí ag an Seirbhís Leasa sna laethanta sin, i ndéileáil le ceisteanna a bhí ábhartha le hobair nó ceisteanna pearsanta a bhí ag dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht oibre. Bhí sé soiléir go raibh modhanna níos onnghníomhaí ag teastáil chun déileáil le ceisteanna leasa foirne agus chuige seo bunaíodh an tSeirbhís Cúnta Fostaithe (SCF) go luath sna 1990 í.

Thosaigh Cláir Chúnta Fostaithe sna Stáit Aontaithe agus breathnaíodh orthu i dtús ama mar mhodh chun déileáil le fadhb na handúileachta alcóil ionad oibre. Sa lá atá inniu ann, tríd SAM agus an Eoraip, tá cur chuige níos leithne ag na Cláracha Cúnta Fostaithe ar mhóran ceisteanna éagsúla maidir le leas foirne in ionaid oibre na laethanta seo.

Soláthraíonn an tSeirbhís Cúnta Fostaithe (SCF) laistigh de Státseirbhís na hÉireann seirbhís atreoraithe inmheánach rúnda a chuireann comhairleoireacht, faisnéis agus agus tacaíocht ar fáil. Tá sí deartha chun cuidiú le fostaithe deacrachtaí pearsanta agus/nó atá ábhartha leis an obair a bhainistiú , go bhféadfaidís fadhbanna a chruthú mura ndéileáiltear leo, agus dá réir impleachtaí ar a bhfeidhmíocht oibre agus ar deireadh ar a gcaighdeán saoil. Mura ndéantar déileáil le fadhbanna mar seo, tá impleachtaí don eagraíocht mar fhostóir, a bheidh ag fulaingt i dtéarmaí táirgiúlachta atá laghdaithe agus meanma íslithe foirne. Is iad na cláir Chúnta Fostaithe is éifeachtaí ná cinn a oibríonn ar thuiscint na luath-idirghabhála fadhbanna a réiteacht go héifeachtach.



**Deirdre Maye**, cúnamh d'fhostaithe

An SCF laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
Ó mhí Eanáir 2005, tá post tiomanta lánaimseartha ag Oifigeach Cúnta Fostaithe sa tSeirbhís Chúirteanna. Tá an tSeirbhís Cúnta Fostaithe (SCF) suite ag leibhéal eagraíochtúil a cheadaíonn di feidhmiú go héifeachtach ag nascadh le háisínteachtaí inmheánacha cosúil le hAcmhainní Daonna, Sláinte Cheirde, Ceardchumainn, Aonad Oiliúna agus Forbartha, agus ag leibhéal réigiúnach, áitiúil agus na bainistíochta líne. Feidhmíonn an SCF ag a huasleibhéal nuair atá sí comhtháite go hiomlán le struchtúir eagraíochtúla inmheánacha. Feabhsaíonn dlúthbhaint agus comhoibriú le feicseanacht SCF agus ardaíonn sé an acmhainneacht atá aici éifeacht a chruthú.

Rochtain ar an tSeirbhís Cúnta Fostaithe
Is féidir leat rochtain a fháil ar SCF ar mhórán bealaí cosúil le: féin-atreorú, atreorú foirmiúil agus neamhfhoirmeálta trí áisíneachtaí eagraíochtúla inmheánacha luaite thuas cheana féin. Tá ról lárnach ag an mbainisteoir líne déileáil le ceisteanna leasa foirne ag staid luath. Trí idirghabháil oilte ar pháirt an bhainisteora ghrinnithe, is féidir cuidiú a chur ina luí ar fhostaithe an luach atá le luath-idirbghabháil d'fhadhbanna pearsanta nó atá ábhartha le hobair. Leis an eolas oiriúnach agus oiliúint scileanna éifeachtacha, tá bainisteoirí ábalta níos fearr idirghabháil a dhéanamh chun cumasú d'fhostaithe le fadhbanna deacra nó pearsanta cúnamh a lorg tríd an Seirbhís Cúnta Fostaithe nuair go mb'fhéidir nach raibh eolas ag an duine go raibh cúnamh ar fáil nó ag diúltú go coinsiasach nó go fochoinsiasach go raibh fadhb i gceist. Ní ról an bhainisteora é a diagnóisiú cad í an fhadhb atá i gceist. Níos tábhachtaí, tá dualgas ar an mbainisteoir aiseolas cruinn a sholáthar don fhostaí ar céard atá le feiceáil san ionad oibre chun cur in iúl go mb'fhéidir go bhfuil fadhb ann atá ag dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht oibre. Tá dualgas ar an mball foirne freagracht a thógáil dá f(h)adhbanna pearsanta nó oibre féin agus an chabhair agus tacaíocht oiriúnach a lorg chun déileáil leo. Ar an mbealach céanna, tá freagracht ar an mbainisteoir tacú leis an mball foirne mar a dhéanann siad iarracht réiteach a fháil ar a gcuid fadhbanna pearsanta.

SCF na Seirbhíse Cúirteanna: Cá háit anois?
Táimid ag pleanáil sraith de bhileoga faisnéise agus treoirlínte bainistíochta ar cheisteanna leasa foirne éagsúla sna míonna atá romhainn. i gcomhar leis an Aonad Oiliúna beidh mé ag soláthar cainteanna faisnéise agus seimineáir oiliúna do bhainisteoirí maidir le ceisteanna sláinte agus leasa na foirne a aithint agus tacú leo. Leanfaidh na cainteanna faisnéise "Lunch 'n' Learn" tríd 2007 ina iomláine.

Chun breis faisnéise a fháil ar SCF na Seirbhíse Cúirteanna déan teagmháil le:

Iníon Deirdre Maye,
Oifigeach Cúnta Fostaithe.
Ríomhphost: Deirdremaye@courts.ie.
Teil: (01) 888 6099 /
087 2267641.

# Cláraitheoir Contae Nua do Chiarraí

**Cláraitheoir Contae do Chiarraí, tar éis scoir Louise McDonough. Thosaigh Pádraig a phost nua i mí na Nollag agus labhair Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna leis faoina ról nua.**

"Is Ciarraíoch mé ó dhúchas agus d'fhreastail mé ar an scoil náisiúnta i mBaile an Mhuillin, ar an meánscoil i gColáiste Naomh Breandán, Cill Airne agus Iarbhunscoil Chill Orglan roimh staidéar a dhéanamh ar dhlí ó 1978 go 1981. Bhí mé i mo phrintíseach ag Colm Gaynor de Gaynor & Comhlacht, Baile Átha Cliath ó 1981 go 1984, nuair a cháiligh mé mar dhlíodóir. D'oibrigh mé le Downing Courtney and Larkin ansin ó 1984 go 1989 nuair a bhunaigh mé mo chleachtadh féin Burke & Co., a bhí bunaithe i gCill Áirne. Thóg na dlíodóirí Patrick Sheehan agus Liam Ryan (Sheehan Ryan & Co. Solicitors) mo chleachtadh nuair a thosaigh mé mo phost nua mar Chláraitheoir Contae do Chontae Chiarraí".

Tá Pádraig pósta le Marina O'Keeffe ó Thrá Lí agus tá ceathrar clainne acu idir aoiseanna 2 go 10. Lasmuigh den obair agus sol gnóthach an teaghlaigh, taitníonn cluiche gailf, scannán nó leabhar maith leis chun a scíth a ligean.

Deir sé ar deireadh "Táim ag baint taitneamh as dúshláin an phost nua agam agus táim ag tnúth le hoibriú leis an bhfoireann agus leis na cleachtóirí áitiúla i limistéar Chiarraí."



Padraig Burke

Ba mhaith le Nuacht na Seirbhíse gach rath a ghuí ar Phádraig ina phost nua.

# Slua mór i láthair d'ócáid scortha Jerry Ryan

**"Ba dheas a fheiceáil nár bhain an seanfhocal 'out of sight, out of mind' nuair bhí oíche iontach ag gach duine a bhí i láthair ag ócáid scoirthe Jerry Ryan le déanaí." Sin mar a deir Annette Swords ó oifig Chúirte Dúiche Cloverhill. Insíonn sí níos mó do Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna faoi scoir a cara agus a comhghleacaí.**



Jerry Ryan agus a bhean Dolores

"Tá aithne agam ar Jerry ó thosaigh mé san Ard-Chúirt i 1994. Tá aithne mhaith ag an bhfoireann ar sa Phríomh-Oifig, i Leabharlann na mBreitheamh, in oifig na Cúirte Uachtaraí, chomh maith le huiséirí, glantóirí agus teachtairí. D'oibrigh sé ar feadh tréimhse chomh maith sa seomra fótachóipeála sna Ceithre Chúirt agus in oifig na Cúirte Uachtaraí sula dtáinig sé chun oibre linn i dTeach Cúirte Cloverhill.
Ba é Jerry an chéad phointe teagmhála do dhuine ar bith a bhí ag tabhairt cuairte at theach cúirte Cloverhill. Dhéileáil sé leis na breithiúna, an ghairm dhlíthiúil, foireann an phríosúin, Gardaí agus baill den bpobal. Bhí sé an-éifeachtach i mbun a chuid oibre agus mórán foighne aige - d'fhéadfaí teacht chuige ag am ar bith. Le meangadh gáire fáiltiúil, bhí sé i gcónaí nósmhar agus cúirtéiseach agus ní haon ionadh gur luí daoine go maith leis. Curtha i mbeagán focal, fear uasal a bhí ann. Ba chomhartha den mheas a bhí air an líon daoine a sheol ríomhphoist chuige ag guí gach rath air, a shínigh a chárta, a chuir leis an mbailiúchán agus a bhí i láthair ag an Brazen Head i mí Feabhra d'oíche iontach, mar atá le feiceáil sna grianghraif!
Thug Brian Battelle (Stiúrthóireacht na Cúirte Cuarda & Dúiche) comhartha dá mbuíochas do Jerry, a bhí i láthair lena bhean Dolores, a cheithre mac, a iníon agus gaolta eile. Bhí slua mór cairde agus comhghleacaithe i láthair chun gach rath a ghuí air don todhchaí. Rinne Jimmy Elston bronnadh ar son an cheardchumainn FUGE. Ina iomláine, oíche a bhí anseo le cairdis nua a dhéanamh, buaileadh le seanchairde agus turas a thabhairt siar ar bhóithrín na smaointe. Ar bhar seo uilig, cé nach fear Jerry gur maith leis a bheith i mbéal an phobail, bhí fonn cóisir air tar éis tamaill agus chan sé an t-amhrán 'You make me feel so young'!"
Ar son na gcairde uilig ag Jerry sa Seirbhís Chúirteanna, ba mhaith le Annette sláinte agus sonas a ghuí ar Jerry don todhchaí. Sin mar a deir Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna

# Ón tSín go Sráid na Seansaireachta

Tosaíonn Gao Sung sa tSeirbhís Chúirteanna mar chuid d'fhoireann chúnta an Bhreithimh Onóraigh Peter Charleton, a ceapadh le déanaí mar bhreitheamh san Ard-Chúirt. ÓDalian i dTuaisceart na Síne, tá Gao Sung ag obair in Éirinn le trí bliana anuas. "Tá suim agam staidéar a dhéanamh ar dhlí, b'fhéidir ag Coláiste Portobello, cosúil le mo chailín atá ag staidéar ann i láthair na huaire" a deir sé le Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna an dara lá aige sna Ceithre Chúirt. Cheana féin ag baint taitneamh as an ról nua s'aige, dúirt sé go raibh sé ag súil le dúshlán an phoist nua. Sa phictiúr le Sung tá Dan Boland, a bhí mar fhoireann chúnta do Breitheamh Onórach O'Sullivan na hArd-Chúirte atá anois scoirthe, a bhí ag cuidiú lena chuid oiliúna sa chéad seachtain.
Ba mhaith le Nuacht na Seirbhíse gach rath a ghuí ar Phádraig ina phost nua.



Gao Sung agus Dan Boland

# Téann Cláraitheoir Contae na Gaillimhe ar scor



Seán O'Domhnail (sraith tosaigh) leis an mBreitheamh Raymond Groarke ar thaobh a láimhe deise agus An Breitheamh Carroll Moran ar thaobh a láimhe clé le húsáideoirí áitiúla na Cúirte ina chuimsítear abhcóidí, dlíodóirí agus foireann ó oifigí Cúirte Cuarda agus Dúiche na Gaillimhe.

Deirtear go maireann na céad smaointe atá agat faoi dhuine. Bhuail mé le Seán Ó Domhnaill ar dtús i 1994 agus é mar Chléireach Cúirte réasúnta nua i gCúirt Dúiche Bhaile Locha Riach. Bhí sé tar éis teacht amach ar Cuaird leis an mBreitheamh Cassidy nach maireann. Ag an mbriseadh lóin, ghlaoigh Seán isteach chun beannú dúinn, agus ar aghaidh leis chuig an loch le dul i mbun snámha. Níor chuir sé as dó ar chor ar bith gur mí Márta a bhí ann agus gála gaoithe ag séideadh go láidir. Ba dhuine ar leith a bhí ann.

Chuir sé tús lena oifig mar Chláraitheoir Contae ar an 2ú Iúil 1979 ag leanúint an uncail aige Gearoid Ó Domhnaill nach maireann, a bhásaigh ar an 29ú Bealtaine 1979. Bhí sé ar an gCláraitheoir Contae ab óige ag an staid sin.

Tá athruithe móra feicthe aige ar shaol na Cúirte le 27 bliain anuas. Ní raibh clostaifid digiteacha, liostaithe ar an láithreán gréasáin, agus PMDS ar chlár oibre duine ar bith sna blianta luath seo. A mhalairt a bhí fíor, agus bhí droch-choinníollacha oibre acusan a bhí ag obair sna cúirteannna. Bhí Gaillimh ag stiúradh an bhealaigh, mar tar éis blianta fada streachailte, d'fhill Seán agus a chun comhghleacaithe sna cúirteanna Cuarda agus Dúiche ó chóiríocht shealadach i 1995 ar ais chuig teach cúirte a bhí athchóirithe go nua, agus atá mar eiseamláir sa lá atá inniu ann d'athchóirithe eile.

Ag le ceann dá chuid prionsabail mhíleatacha, thug Seán ceannaireacht agus dea-shampla i gcónaí. Bhíodh sé ar cheann de na céad daoine ag an obair agus ar cheann de na daoine deireanach le fágáil. Bhí fíor-mheas air agus an-chion ag gach duine a bhí ag obair leis. Cainteoir líofa Gaeilge, bhí an-aithne air toisc fógra na dtorthaí toghchánaíochta as gaelige a thugadh sé. D'fhreastail sé mar bhal le fada i gCúltaca Óglaigh na hÉireann ag baint amach céimiúlacht an Cheannfoirt sa 5 Field Military Company i nGaillimh. Tá sé an-bhródúil as a mhac Niall chomh maith, a bhain amach coimisiún sa chúltaca. Bhí an oiread sin cion ag Seán ar chulaith éide agus seirbhís don stát go ndeachaigh sé leis an gCosaint Shibhialta tar éis dó dul ar scor ó na póilíní míleata.

D'inis sé go leor faoin bhfear féin, go raibh an seomra cúirte pacáilte ar a lá deiridh sa chúirt. Bhí óráidí ómóis ón mBreitheamh Groarke ar a shon féin agus ar son an Bhreithimh Moran, Conor Fahy ar son na n-abhcóidí áitiúla, Liam Geraghty ar son na dlíodóirí áitiúla, An Cigire Tony O'Donnell ar son an Gharda Síochána, Margaret Prendergast ar son na Seirbhíse Promhaidh Probation Service agus Brendan McDonald ar son a chuid comhghleacaithe ar fad sa Seirbhís Chúirteanna. Guímid gach rath ar Sheán agus a bhean Aoife agus ar an gclann uilig.

*Brendan McDonald*

**Ba mhaith le Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna gach rath a ghuí ar Sheán chomh maith agus súil againn go mbeid scoir an-taitneamhach aige.**

# Téann Cláraitheoir Contae na Mí ar scor

**Ceapadh Máire Tehan mar Chláraitheoir Contae do Chontae na Mí i 1976 agus chuaigh sí ar aghaidh le bheith ar an gCláraitheoir Contae is faide seirbhíse in Éirinn. Tá sí pósta le Paddy agus tá iníon agus beirt mhac acu. In éineacht le comhghleacaí i mBaile Átha Cliath, bhí sí ar an gcéad ceann comhairimh a bhí i gceannas ar thoghchán ina toghadh TD trí vótáil leictreonach.**

Tá mórán athruithe feicthe aici anuas tríd na mblianta agus is cinnte go raibh páirt aici iontu agus gur spreag sí na hathruithe úd chomh maith. Locht amháin a bhí aici, dá bhféadfaí locht a thabhairt air, ná go raibh Máire i gcónaí ag iarraidh gach duine a shásamh. Rinne sí é seo le macántacht tríd a gairmréim uilig. Bhí sé seo le feiceáil sa líon mór cairde agus comhghleacaithe a a tháinig amach chun gach rath a ghuí uirthi ar a hócáid scoirthe. Ina measc seo bhí An Breitheamh Judge Michael O'Shea a bhí ar an mbinse leis an mBreitheamh Groarke, An Breitheamh McCartan agus An Breitheamh McVeigh. Ghuigh Seamus Noonan BL, Paul Brady, Uachtarán Chumann Bharra na Mí , An Ceannfort Ken Brennan agus ar deireadh Ann Price, Bainisteoir Réigiúnach



Foireann na Cúrte Cuarda ar ócáid scortha Mháire: O chlé go deas: Moira Groome Peppard, Susan Cahill, Maria Byrne, Valerie Irvine (Príomh-Chléireach), Máire Tehan, Breda Costello, Frances Best, Jimmy Cummins, Margaret O'Rafferty (anois Rúnaíocht AD) agus Bernadette McCormack

Lártíre gach rath uirthi. Guíonn foireann oifige na Cúirte Cuarda gach rath ar Mháire lena scoir agus aireoidh muid uainn a fios, a saineolas agus a macántacht.

*Susan Cahill (Cúirt Chuarda Átha Throim)*

Is mian le Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna scor fada agus taitneamhach a ghuí ar Mháire chomh maith.

# Sasana & An Bhreatain Bheag: Dlíthe Oidhreachta le hAthrú

## Leanaí le leas a fháil nuair a fhorghéileann nó nuair a shéanann tuismitheoirí oidhreacht

**Ba chóir go mbeadh leanaí atá fágtha gan oidhreacht ag dúnmharú nó dúnorgain déanta ag a dtuismitheoirí, nó ag diúltú ó thuismitheoirí leagáid a thógáil faoi uacht a bheith incháilithe oidhreacht a fháil, atá fógraithe ag Rialtas an RA le déanaí. Forfheidhmeoidh na tograí, a bhaineann le Sasana agus an Bhreatain Bheag, moltaí atá déanta ag an gCoimisiún Dlí sa tuarascáil 2005 "The Forfeiture Rule and the Law of Succession".**

Mhol an Coimisiún Dlí in áit ar bith nach féidir le hoidhre ionchasach oidhreacht a fháil, nó má tá siad dícháilithe ó oidhreacht a fháil, ba chóir na maoin a dháileadh amhail agus gur bhásaigh an duine. Ciallaíonn sé seo:

· Nuair nach bhfuil uacht ar bith, agus má dhéanann marfóir a n-oidhreacht a fhorghéilleadh, rachaidh a sciar ar aghaidh chuig an gcéad líne eile. Mar shampla, má mharaíonn mac a chuid tuismitheoirí, iompóidh an tuacht chuig an ngarchlann.

· Má shonraíonn uacht go bhfágtar an t-airgead go 'A', "ach má bhásaíonn siad romham, go 'B' ", má fhorghéileann A an oidhreacht, ba chóir go n-iompódh sí go B.

· Nuair a dhiúltaíonn oidhre ionchasach oidhreacht (cibé faoi uacht nó ar díthiomnacht), ba chóir go n-iompódh sí chuig an duine a aimseoidh an t-airgead dá mbeadh an chéad oidhre tar éis bás a fháil.

Sonraíonn an dlí reatha nach féidir le dúnmharfóir oidhreacht a fháil ó dhuine atá maraithe acu. Faoin riail seo (nach bhfuil ag athrú) tá sliocht an dúnmharfóra gearrtha amach chomh maith ó líne an chomharbais. Ar an gcaoi céanna, ní féidir le sliocht an duine a dhiúltaíonn leagáid a thógáil faoi uacht oidhreacht a fháil mar an chéad duine eile sa líne.

Dúirt an tAire Gnóthaí Bunreachtúla i Sasana Cathy Ashton: "Tá an dlí míchothrom mar a sheasann. Cuireann sé pionós ar leanbh nach bhfuil bainteach leis an iompraíoch mídhlíthiúil do choir atá déanta ag a t(h)uismitheoir. Déanfaidh moltaí an Choimisiúin, atá glactha againn go hiomlán, an éagóir seo a cheartú."

*D'eascair tionscadal an Choimisiúin Dlí as an gcás a bhain le Re DWS (éagtha) go ndearnadh cinneadh faoi sa Chúirt Achomhairc sa bhliain 2000 agus a tógadh ina dhiadh sin chuig an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine.*



### Cúirt an Damhshraith

An Breitheamh Oliver McGuinness (Sraith cúil sa lár) le Michael Dorrigan Cléireach Cúirte Dúiche, Cúirt Dúiche Chora Droma Rúisc agus Geraldine Cornyn, Cúirt Chuarda Chora Droma Rúisc le Cláraitheoir Contae Liatroma Kevin Doherty agus úsáideoirí eile na cúirte áitiúil ar ócáid an suí deiridh de Chúirt Dúiche an Damhshraith le déanaí.



### Cúirt Bhéal Átha Fearnáin

An Breitheamh Oliver McGuinness (ag suí), An Ceannfort Tom Commonns, Cléireach Cúirte Dúiche, Michael Dorrigan, Cúirt Dúiche Chora Droma Rúisc, an feighlí Martin Flynn agus úsáideoirí eile na cúirte áitiúil ar ócáid an suí deiridh de Chúirt Dúiche Bhéal Átha Fearnáin le déanaí

# In am le Seachadadh Choimpléasc na Cúirte Coiriúla

**Bhí an-fhloscadh le déanaí nuair a léiríodh samhlacha de Choimpléasc na Cúirte Choiriúil atá beartaithe. Thug an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí Michael McDowell, T.D., cuairt ar an Teach Cúirte ar Shráid na Faiche chun a fheiceáil dó féin cé chomh maith agus a bhreithnóidh an struchtúr nua. Bhí Ard-Rúnaí na Roinne s'aige, Sean Alyward, in éineacht leis. Bhí PF na Seirbhíse Cúirteanna P.J Fitzpatrick, Stiúrthóir na nEastát agus na bhFoirgneamh Brendan Ryan, an Príomhoifigeach Shay Kirk agus mórán daoine atá bainteach le forbairt an olltionscadail seo i láthair.**



Tánaiste agus Aire Dlí, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí an tUasal Michael McDowell T.D. (lár), le Sean Aylward (ar chlé), Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Áthchóirithe Dlí agus P.J. Fitzpatrick (ar dheis), PF na Seirbhíse Cúirteanna ag breathnú ar shamhail de CCC nua.

Thug an ócáid deis do Bhainisteoir Tionscadail na Seirbhíse Cúirteanna, John Mahon agus ball den Fhoireann Thionscadail Cillian Smith, an dul chun cinn atá déanta go dáta a léiriú. Bhí ailtirí, foireann ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus conraitheoirí ar láimh chomh maith le cur in iúl go raibh siad ag súil go mór leis an obair a bhí rompu.

D'fhoilsigh An tSeirbhís Chúirteanna (mar Údarás Stáit faoi Chuid 9 na Rialacháin um Phleanáil & Forbairt 2001 go 2006) fógra faoin bhforbairt atá beartaithe sna nuachtáin náisiúnta le déanaí. Tá líníochtaí agus samhlacha ar taispeántas go poiblí in Áras an Fhionnuisce i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath.

# Timpeall na tíre

Lasmuigh de Choimpléasc na Cúirte Choiriúil tá mórán oibre ag leanúint ar aghaidh chun stoc na bhfoirgneamh s'againn a fheabhsú. Tá roinnt mórthionscadal comlánaithe le déanaí agus tá súil go dtosóidh cinn eile go luath. Thógamar turas gasta mórthimpeall na tíre chun fáil amach conas mar atá cúrsaí ag teacht chun cinn:

Réigiún an Oirthir
Bré – obair comhlánaithe le déanaí ar thógáil an tí chúirte nua
Cill Chainnigh – súil go dtosóidh obair i lár 2007
Réigiún Lártíre
Tulach Mhór – obair comhlánaithe le déanaí ar thionscadal athnuachana mór
Réigiun an Iarthair
Béal an Mhuirthead – obair comhlánaithe le déanaí
Réigiún an Deiscirt
Mainistir Fhear Maí – tá dul chun cinn mór tagtha ar an tionscadal seo agus ar sceideal le comhlánú i Márta 2007
Durlas – táthar ag súil go dtosóidh obair i lár 2007
Réigiún an Tuaiscirt
Baile Átha Fhirdhia – obair tosaithe ar an gcomhfhorbairt seo i Limistéar Baile Átha Cliath
Áras Dolphin – pleananna á réiteach d'athchóiriú bhreise
Sráid Bowes – obair ar siúl chun cóiríocht bhreise a sholáthar



Teach Cúirte an Tulaigh Mhóir

Ní bheadh an spás againn le hinsint daoibh faoin obair ar fad atá ag dul ar aghaidh in Aonad na nEastát & na bhFoirgneamh s'againn féin. Mar sin féin, tá a fhios againn go bhfuil mórán gníomhaíochta ar siúl agus is féidir leis na páirteanna ar fad in Éirinn a bheith ag súil le háiseanna níos fearr agus níos nua-aoisí toisc iarrachtaí na foirne ansin agus iarrachtaí na gconraitheoirí, na n-ailtirí, na ndearthóirí agus na n-úsáideoirí a thacaíonn lena gcuid oibre.

# Foilseacháin Nua na Seirbhíse Cúirteanna

***Tá Teach Cúirte Chnoc na Seimre mar ionad baile ag oifig Chúirte Dúiche agus suí banna amháin seachtainiúil den Ard-Chúirt. Tá treoirleabhar faisnéise nuashonraithe ar Chnoc na Seimre a chuimsíonn léarscáil agus faisnéis faoi iompar poiblí ara láthair. Tá an treoirleabhar anois ar fáil i líon de theangacha iasachta ina áirítear Fraincis, Spáinnis, Mandairínis, Polainnis agus Rúisis. Tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge le píosa anuas.***

***Tá sreabhchairt ar Nós Imeachta na nÉileamh Beag ag leagan amach na gcéimeanna a bhaineann leis an bpróiseas seo foilsithe i réimse teangacha ina áirítear Béarla, Gaeilge, Fraincís, Spáinnis, Mandairínis, Polainnis agus Rúisis.***




Tá na foilseacháin seo ar fáil ó www.courts.ie, trí ríomhphost a sheoladh chuig publicationsunit@courts.ie, nó glaoch ar Aonad Oifige Faisnéise na bhFoilseachán in Áras an Fhionnuisce, Margadh na Feirme ag (01) 888 6462.

## Faisnéis Threoir in Taking the Stand nuashonraithe

**Tá Treoir tar éis a bhfoilseachán Taking the Stand a nuashonrú. Seo treoirleabhar do thuismitheoirí nach bhfuil pósta chun cuidiú leo aighnis a réiteach maidir le cúram a gcuid leanaí. Ag clúdach réimsí cosúil le cearta na dteaghlaigh neamhphósta go treoir idirbheartaíocht agus comhaontú ar rochtain, cothabháil agus ceisteanna eile gur féidir leo deacrachtaí a chruthú, beidh an treoirleabhar fíor-luachmhar do dhuine ar bith atá sáinnithe i ndeacrachtaí cosúil leo seo. Déanann Taking the Stand déileáil lena mbeidh romhat má tá tú os comhair na cúirte, treoirlínte maidir le dlíodóir a roghnú agus céard le déanamh más gá duit dul ar ais chun na Cúirte. Clúdaítear faisnéis ar chearta dlíthiúla na n-aithreacha gan phósadh agus aithreachas chomh maith. Deir Eilis Walsh, Cathaoirleach Treoir "D'eascair an foilseachán seo mar fhreagra ar an méadú i líon na dtuismitheoirí ag déanamh teagmháil le hIonad Faisnéise Náisiúnta Treoir a raibh deacrachtaí acu ag teacht ar chomhaontuithe maidir lena leanaí a bheith faoi chomhthuismitheoireacht nuair nach rabhadar ag cónaí le chéile."**
**Tá Taking the Stand ar fáil ó Treoir, 14 Áras Gandon, Cearnóg Theach an Chustaim, IFSC, Baile Átha Cliath 1, rphost: info@treoir.ie, láithreán gréasáin: www.treoir.ie nó teil: (01) 6700 120**

## scéalta báis

# John Carroll



**Tugann an Breitheamh Onórach Paul Gilligan ómós dá uiséar John Carroll, a d'imigh ar shlí na fírinne i mí Eanáir.**
"Ba mhaith liom bás brónach an uiséir s'agam John Carroll a mharcáil. Bhí John mar uiséar agam ar feadh tréimhse go gairid tar éis dom a bheith ceaptha ar bhinse na hArd-Chúirte. Roimh dó oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna, bhí John ina bhall aitheanta den Gharda Síochána agus ina Oifigeach Phobail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath Dún Laoghaire – post a raibh sé iontach aige agus inar thug sé tacaíocht agus spreagadh ina chuimsítear íospartaigh na coireachta. Bhí an-mheas ar John i measc a chuid comhghleacaithe sa Gharda Síochána agus sa phobal níos leithne inar chónaí sé.

Nuair a rinneadh an post a thairiscint do John ar dtús mar uiséar, bhí sé drogallach ar dtús, ach tar éis roinnt smaointeoireachta agus spreagtha, ghlac sé leis an bpost agus mar a bheadh leis, thug sé tiomantas iomlán don phost idir láimhe. Bhí a chinneadh buntáisteach don bheirt againn. Bhí John an-bhródúil as a chuid oibre agus rinne sé a chuid dualgais a chomhlíonadh go gradamúil. Fear an-chineálta ab ea é agus bhí an-chion ag a chomhghleacaithe sa Seirbhís Chúirteanna, baill an Bharra, agus gairm na ndlíodóirí air. Aireoidh gach duine sna Ceithre Chúirt uathu go mór é.

Fear teaghlaigh ab ea John agus bhí sé bródúil as a gcuid gnóthachtálacha. Cuirimid ár gcomhbhróin in iúl dá bhean Gaye agus a chuid leanaí Suzanne, Eoin, Jennifer agus Julie."

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

# Anita Curry R.I.P.



Bhuail mé le hAnita ar dtús ag cruinniú na gCléireach Cúirte i nGaillimh siar go luath sna 1980í agus bhíomar mar chairde ó shin. Thaitin píosa "craic" le Anita i gcónaí agus ní dhiultaíodh sí do chorr gloine "vino" nó "G & T" (gan a bheith iomarcach riamh dar ndóigh!). B'éisteoir agus comhairleoir iontach a bhí inti a thabharfadh a cuid tuairimí agus smaointe go macánta i gcónaí. Is féidir a rá go bhféadfaí brath uirthi.
Bhí Anita an-ghníomhach i ngníomhaíochtaí an cheardchumainn agus í mar rúnaí ar bhrainse na gCúirteanna den AHCPS le roinnt blianta anuas. Bhí sí mar ionadaí ar bhrainse an cheardchumainn ar an Lárchoiste Comhpháirtíochta.
Bhí an-bhrón tríd na Seirbhíse Cúirteanna ar fad nuair a cloiseadh faoina bás tobann agus gan choinne agus go háirithe na daoine sin go raibh aithne acu uirti agus a d'oibrigh léi. Bhásaigh sí in Ospidéal na hOllscoile Corcaigh tar éis di a bheith breoiteacht an-ghearr a bhuail í gan choinne. Anita Merriman a bhí uirthi sula pósadh í agus ba ó Bhaile Fhobhair, Co. na hIarmhí í ó dhúchas. Thosaigh sí leis na Cúirteanna thart ar 1977/78 agus d'fhreastail sí i roinnt oifigí de chuid na Cúirte Dúiche mar Chléireach Cúirte Sóisir. D'fhreastail sí ansin mar Phríomh-Chléireach le hoifig na Cúirte Dúiche i mBré ó 2000 go 2003 agus ina dhiaidh sin, mar Phríomh-Chléireach i gCúirt Dúiche Phort Laoise suas chomh fada le mí Márta 2006. Nuair a bhásaigh sí, bhí sí mar Phríomh-Chléireach i gCúirt Dúiche Chluain Meala.
Le blianta beaga anuas thug Anita í féin go hiomlán dá "post". Bhí grá mór aici dá post agus bhain sí fíorthaitneamh as agus bhí sí iontach mar Phríomh-Chléireach. Caithfidh mé a rá gur annamh a bhuail mé le duine ar bith chomh tiomanta nó chomh díograiseach – is mó an chailliúint í don Seirbhís Cúirteanna agus dá comhghleacaithe ar fad. Chónaigh sí i bPort Láirge lena fear céile Noel, Bleachtaire sna Gardaí lonnaithe ansin agus lena hiníonacha Evelyn agus Emma. Maireann a beirt deartháir Michael agus John, a máthair chéile, deirfiúracha céile, deartháireacha céile, aintiní, uncailí, nianna agus neachtanna.
Bhí slua mór de chomhghleacaithe Anita ó gach páirt den tír ag a sochraidl, ina áiríodh an POF, baill den bhfoireann Sinsearach Bainistíochta, Bainisteoirí Réigiúnacha agus baill an Bhreithiúna. Ar son mo chuid comhghleacaithe agus cairde ar fad sa Seirbhís Chúirteanna, ba mhaith liom mo chomhbhrón a chuir in iúl do Noel agus na cailíní agus do mhuintir eile clainne Anita.
Aireofar uainn go mór tú a Anita.

Suaimhneas na bhFlaitheas dá hanam.

*Peter Golden (cara agus comhghleacaí)*

# I gCuimhne Joe Mooney



Bhain bás tobann Joe Mooney croitheadh as a chuid comhghleacaithe sa Seirbhís Chúirteanna. Meabhraíonn an tOifigeach Seirbhíse Sinsearach, Eugene Lynch a bheith in éineacht le Joe ar a lá deiridh in Áras Uí Dhálaigh. "Bhí ócáid ar siúl i Leabharlann na mBreitheamh agus bhíomar thíos staighre ag caint. Bhí Joe ag réiteach do shaoire san Éigipt cúpla lá ina dhiadh sin. Nuair a d'fhág mé é bhí dea-aoibh air agus é ag gáire, sin mar a bheidh cuimhne agam air".

Tháinig Joe chun oibre leis na cúirteanna tar éis mórán blianta ag obair le Raleigh Ireland. D'oibrigh sé ar dtús i ndéantúsaíocht rothair agus níos déanaí rinne sé táirgí críochnaithe a sheachadadh mórthimpeall na tíre. Tar éis tréimhse ar an bhfoireann thacaíochta le Breitheamh Onórach O'Flaherty na Cúirte Uachtaraí, thosaigh Joe ina phost ag an bpríomhdheasc in Áras Uí Dhálaigh. Tháinig sé i dteagmháil le réimse leathan daoine anseo – breithimh, foireann na cúirte, dlíodóirí, abhcóidí, baill den phobal agus líon mór glaoiteoirí. "Bhí cion ag duine ar bith a bhuail leis air", a mheabhraigh Eugene. "Ba charachtar carasmatach a bhí ann. Smaoineoimid uilig i gcónaí ar an spraoi a bhí ann. Bhí sé ina thacadóir iontach ar Chlub Sóisialta na Seirbhíse Cúirteanna agus bhain sé taitneamh i gcónaí buaileadh le comhghleacaithe ag ócáidí difriúla. D'fhéadfainn glaoch air chun cuidiú le rud ar bith a bhí ag tarlú mórthimpeall na gcúirteanna. Má bhí fadhb ar bith aige chuirfí glaoch orm "Ceannasaí, an féidir liom tú a fheiceáil ar feadh nóiméid?". Rachainn anonn chuige agus chuirfeadh muid rudaí ina cheart. Ní dhearna sé rud mór as ceisteanna beaga".

Lasmuigh den obair, bhí Joe bainteach le Comhar Creidmheasa Chromghlinn, ach bhí suim mhór aige i gcúrsaí taistil agus ceoil. Anois is arís, chuaigh an dá cheann lámh le lámh, lena ghrá do cheol tíre á thógáil go Memphis agus páirteanna eile den Stáit Aontaithe. "Nuair a bhí cara déanta aige, bhí cara déanta aige", a dúirt Eugene. "Rinne cuid dá chairde sna Stáit Aontaithe an turas go hÉirinn dá shochraid". Bhí grá mór aige don taisteal thar lear, ach ní chomh mór agus a thaitnigh sé leis taisteal go Ciarraí. "Chuaigh sé go Ciarraí gach bliain", a mheabhraigh Eugene ag rá go raibh dhá mhórghrá ina shaol aige – contae Chiarraí agus a bhean Bernadette. Bhí sé bródúil as a dhá iníon, agus a mhac ar an gcaoi céanna. "Tógadh uathu é chomh tobann é, gur mhór an croitheadh é. Ba mhaith linn go mbeadh a fhios acu go raibh fíormheas air i measc a chuid comhghleacaithe sna cúirteanna".

"Cuimhneoimid air mar dhuine cairdiúil, cineálta, deas agus fear ionraic a bhí mar chara maith againn", a deir Eugene . "Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam".

# An Breitheamh Onórach Sean O'Leary



Lean Sean O'Leary, a rugadh i 1941, gairm bheatha sa dlí tar éis cáiliú mar abhcóide, ach bhí sé gníomhach i bpolaitíocht áitiúil agus náisiúnta mar bhall d'Fhine Gael. Thosaigh an Corcaíoch mar chuntasóir agus shuí sé ar Chomhairle Cathrach Chorcaí idir 1967 agus 1977. Bhí an-bhródúil mar Ard-Mhéara Chorcaí i 1972/73, mar sheanadóir agus mar phearsa tábhachtach náisiúnta i bhFine Gael, go háirithe le linn na 1980í. Tar éis do Gharret FitzGerald a bheith tofa mar cheannaire an pháirtí i 1977 agus forlámhas an gcur chuige liobrálach aige, bhí comhairleor sinsearach sa chúlra ag an bpáirtí agus mar Stiúrthóir Toghchánaíochta. I 1981, d'ainmnigh an Dr. FitzGerald é ar an Seanad. Ainmníodh arís é i 1983, agus d'fhreastail sé go dtí 1987.
Bhí a chuid láithris ar chlúdach teilifíse na toghchánaíochta speisialta ar fad dá stuamacht pholaitiúil, dá ngontacht agus don diúltú glacadh le toradh ar bith a bhain le toghchán do shuíochán Dála – go háirithe ceann ina raibh a pháirtí féin ag troid ar son – go dtí go ndearnadh an vóta deiridh a chomhaireamh. Fiú amháin aige sin, d'fhéadfadh sé plé a dhéanamh ar 'cad faoi seo nó sin ' maidir le cúpla vóta anseo is ansiúd. Fíor-thaibheoir, conspóideach sa saol, ar teilifís, agus fiú amháin anois.
Tar éis dó a bheith bainteach le polaitíocht agus an cleachtadh gnóthach sa bharra, ceapadh é mar bhreitheamh sa Chúirt Chuarda agus, i 2003, mar bhreitheamh san Ard-Chúirt. Ón suíomh seo ar an mbinse, d'fhreastail sé mar chathaoirleach an-ghnóthach ar an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe. Bhí sé ina bhall bunaidh de bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus an-tacaíocht tugtha aige agus baint aige le bunú agus rath an fhorais nua. Bhí baint lárnach aige le réalú an chórais tram LUAS tar éis dó cathaoirleacht a dhéanamh ar fhiosrúchán poiblí ar an Ordú um Iarnród Éadrom. Mhol an tAire Fiontar Poiblí Mary O'Rourke é don "professional and thorough manner" ina dhearna sé cathaoirleacht ar an bhfiosrúchán.
Nuair a bhásaigh sé trí lá roimh na Nollag, tar éis dó bheith breoite le fada, thagair mórán den lucht dlí d'fhéith an ghrinn, don chineáltas, don údarás chiúin agus don mhacántacht a bhí ann. Ar thráthnóna a bhás, mar urlabhraí na Seirbhíse Cúirteanna, dúirt mé leis na nuachtáin "he was a very thorough, very decent man who was extremely able." Mar atá an geimhreadh agus na seachtainí druidte linn sin an cuimhneamh atá agam air i gcónaí. Lena bhean Mary agus lena chlann, cuirimid ár gcomhbhrón in iúl.

> **"thagair mórán den ghairm dhlíthiúil d'fhéith an ghrinn, cineáltas, údarás chiúin agus an mhacántacht a bhí ann"**

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

*Gerry Curran*

# An Breitheamh Muircheartach DeBurca

**Bhásaigh an Breitheamh Muircheartach DeBurca i mí na Samhna ag Milford House, Luimneach. Bhí sé mar Bhreitheamh na Cúirte Dúiche le cúram aige do Dhúiche Uimh 14 óna cheapachán i 1961. Shuigh sé san Aonach, i nDurlas, sa Cheapach agus sa Phort Nua i gCo. Thiobraid Árann chomh maith le Cathair Luimnigh agus i bPailís Ghréine, Co. Luimnigh. Chuaigh sé ar scor ón mbinse i mí iúil 1983 agus tháinig An Breitheamh Michael Reilly i gcomharbacht air. D'fhreastail sé ar an gCúirt Choiriuil Speisialta linn na gairmréime s'aige ar an mbinse. Bhí sé ag cleachtadh mar dhlíodóir sa Daingean, Co Chiarraí roimh a ceapadh mar bhall den bhreithiúnacht é.**

**Ba oifigeach san FCA a bhí ann agus céimiúlacht an Cheannfoirt bainte amach aige. Bhí suim aige i gcónaí i gceisteanna a bhain le Ciarraí agus ba bhall gníomhach é de Chumann na gCiarraíoch. Bhí cion speisialta aige do Bhaile Uí Thaidhg, Co. Chiarraí áit inar chaith sé mórchuid dá laethanta saoire. Bhí fíorshuim aige i gcúrsaí grianghrafadóireachta agus iascaireacht ar an gcaitheamh aimsire ab fhearr leis. Rinneadh Aifreann na Sochraide s'aige a cheiliúradh in Eaglais Naomh Seosaimh, Sráid Uí Chonaill, Luimneach agus rinneadh é a adhlacadh i dTrá Lí.**

**Bhí sé 93 bliana d'aois agus maireann a mhac, ceithre iníon, agus maireann a mhac, a cheathrar iníonacha, garchlann, sin-gharchlann agus a dheirfiúr.**

**Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam**

***John Buckley***
***Cléireach na Cúirte Dúiche***
***An tAonach***

# An Breitheamh Onórach Diarmuid O'Donovan

Faoi stiúir Uachtaráin na hArd-Chúirte, An Breitheamh Onórach Richard Johnson, shiúil breis agus scór breithimh Ard-Chúirte isteach i gcúirt uimhir ceathar, taobh le Halla Ciorclach na Ceithre Chúirte, agus thógadar a gcuid áiteanna trasna an bhinse uilig agus trasna leithead na cúirte os comhair an bhinse. Eagraíodh an mórshiúl sollúnta in onóir bháis an chomhghleacaí a raibh an-mheas agus an-chion air, An Breitheamh Onórach Diarmuid O'Donovan. Bhreathnaigh na breithimh síos ar sheomra cúirte a bhí lán go béal le daoine a roinn na tuairimí céanna maidir lena gcomhghleacaí.

Thug an tUachtarán agus baill sinsearacha na ngairmeacha dlí óráidí ómóis faoin mbreitheamh a bhí imithe ar shlí na fírinne agus chuir an Cláraitheoir Gráinne O'Loghlen leis.

Dúirt an tUachtarán, " Is le mothú domhain bróid agus bróin le chéile, atáim ag labhairt libh inniu
chun ómós a thabhairt dár gcomhghleacaí atá básaithe. Bhí aithne agam ar Dhiarmuid ar feadh caoga bliana mar mhac léinn, mar chomhghleacaí sa Bharra, mar chara agus mar chomhghleacaí ar an mBinse. Mar Bhreitheamh – agus is ar ábhar sin a thugaimid ómós dó inniu – léirigh sé cáilíochtaí a bhí i bhfianaise le fada thar 35bliana sa Bhar: dúthracht, saothar agus toilteanas tabhairt faoi na cásanna is deacra agus is casta le díograis.

Taobh leis an obair, agus bhí an-dúil aige ansin, bhí an acmhainneach ar chairdis ann le brath sa chiorcal mó cairde a bhí aige i mórán áiteanna taobh istigh agus lasmuigh den dlí araon. Thaispeáin agus léirigh sé a chuid suime i gcónaí i bhfoirm rannpháirtíochta. Tá fianaise ach go háirithe sa bhaint a bhí aige le Cumann Gailf an Bharra, Cumann Ceoldrámaíochta an Bharra agus lasmuigh den Bhar i gClub Gailf an Ghráinsigh agus Cumann Rugbaí Naomh Muire.

Cé go raibh sé cráite ag drochshláinte ó ceapadh ar an mBinse é, ní dhearna sé gearán riamh agus sampla iontach de neart, diongbháilteacht agus aoibh mhaith i ngach rud lena raibh sé bainteach. Tá sé sábháilte go leor a rá cibé rud a thit amach nach ndearna sé gearán riamh.

Tháinig deireadh lena shaol go tobann mar a chríochnaigh, ach nuair a tháinig sé chuige bhí sé i mbarr a mhaitheasa mar ba mhian leis. Sílim gur fear é nach raibh d'ábaltacht ann riamh smaoineamh faoin tráth ina mbeadh scoir i ndán dó. Aireoimid uainn go mór é."

Ag labhairt ar son foirne na Seirbhíse Cúirteanna, dúirt Gráinne O'Loghlen, a d'oibrigh go dlúth leis an mBreitheamh O'Donovan, "Bhí aithne againn ar an mBreitheamh O'Donovan mar abh-



cóide sóisir, mar abhcóide sinsearach agus mar bhreitheamh. Fear mór le spiorad mór a bhí i gcónaí cúirtéiseach a bhí ann. Cuimhneoimid ar an aoibh mhaith a bhíodh air agus briocht an rógaire a bhí aige. Ní fhéadfá ach cion a bheith agat air.

Bhí sé de phribhléid agam suí leis mar Chláraitheoir go minic. Bhí an grá a bhí aige don saol le feiceáil gach lá. Thar duine ar bith eile gur casadh liom le linn mo ghairm bheatha léirigh sé dom cé go raibh iliomad orduithe agus liostaí cúirte, go raibh an saol luachmhar, agus gur chóir greim a thógáil air gach lá is cuma céard atá ag dul ar aghaidh. Aireoidh na Cláraitheoirí ar fad uathu go mór tú, a raibh an pribhléid céanna acu chomh maith. Dá réir, aireoidh a ghrá geal Sara, a chuid mic Derry, Donough agus David agus an chuid eile den chlann uathu go mór é agus cuirimid ár gcomhbhrón in iúl dóibh".

Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.

# An Breitheamh Gerard A. Clarke

**Bhásaigh An Breitheamh Gerard Clarke, breitheamh scortha na Cúirte Cuarda, go luath i mí Eanáir. Thug An Breitheamh Clarke, a ceapadh chun na Cúirte Cuarda i 1974, faoin staidéar i Clongowes agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus glaodh chuig an mBar é i 1941. Bhí a chleachtadh mar abhcóide sóisir bunaithe ar an mórchuid san Oirdheisceart. Glaodh chuig Barra na Sinsear é i 1960 agus ghníomhaigh sé mar Abhcóide Sinsearach i cás iomráiteach na Cúirte Uachtaraí an Stát v Ó Riain. Tar éis a cheapachán ar an mbreithiúna, bhí An Breitheamh Clarke ina bhall den Chúirt Choiriúil Speisialta.**

**Chuaigh sé ar scor i 1989 agus maireann a bhean Eithne agus cúigear clainne.**

**Suaimhneas na bhFlaitheas dá anam.**

**Ceiliúradh Aifreann speisialta in onóir na mball den bhreithiúnacht agus an fhoireann a bhásaigh le déanaí i mí Feabhra ag Cé na gCeannaithe Baile Átha Cliath.**

# Scor an Bhreithimh Onórach Philip O'Sullivan

Bhailigh na sluaite de chairde an Bhreithimh Onórach Philip O'Sullivan chun na hArd-Chúirte le déanaí chun slán a fhágáil leis ar bhealach a chuirfeadh aimsir Shakespeare i gcuimhne. "Díreach mar a scaoileadh léine oíche ceann de charachtar móra na mbard mar a réitigh sé do dheireadh a shaol agus tús le haistear nua go saol eile, táimse ag fágáil slán le staid amháin de mo shaol agus ag tabhairt aghaidh ar staid eile", a dúirt sé leis an seomra cúirte pacáilte. Agus bhain sé a pheiriúic dó mar sin, á leagan síos os a chomhair agus shiúl sé den mBinse – leis an dínit céanna lenár tháinig sé ann.

Bhí ball dá fhoireann, Dan Boland, ina sheasamh mar a d'fhág sé an stáitse ar thaobh na láimhe clé agus bualadh bos glórmhar ón lucht tacaíochta líonmhar a tháinig chun slán a fhágáil leis. Labhair sé níos luaithe faoin gcion a bhí aige don iliomad daoine a d'oibrigh sé leo lena linn a ghairmréim ag an mBarra agus mar bhreitheamh. Ghlaoigh sé ar chomhairle an bhreithiúnaigh gan mhoill ag rá nach bhféadfaidís teacht "nóiméad róluath". Dúirt sé go raibh "iontaoibh agus muinín" idir dhlíodóirí, na cúirteanna, agus an pobal an-tábhachtach agus go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh iontaoibhe ag an bpobal as an gcóras. "Ar aghaidh le comhairle an bhreithiúnaigh," a dúirt sé, ag nótáil nach raibh na breithiúna imdhíonach ó cháineadh.

Tugadh mórán ómóis don Bhreitheamh O'Sullivan.



Judge Phillip O'Sullivan

Chuimhníodar siar ar fhear a bhí cúirtéiseach i gcónaí le gach duine a tháinig os comhair na hArd-Chúirte. Bhí aigne dheimhneach aige a bhí le sonrú sa diongbháilteacht shonrach nuair a bhí sé ag déileáil le réimse leathan cásanna a tháinig os a chomhair, a chuig glan i gcoinne cuma séimh an fhir. Mheabhraigh An tArd-Aighne agus Cathaoirleach an Chomhairle Bharra an rannpháirt mhór agus luachmhara bhí ag an mBreitheamh O'Sullivan do shaol dlíthiúil na hÉireann. Bhí an Cumann Dlí ar aon dul leis na smaointe seo. Labhair an Príomh-Chláraitheoir Ciarán Kelly thar ceann foirne na Seirbhíse Cúirteanna. "Cuimhneoidh an fhoireann ar fad a d'oibrigh leat féith an ghrinn a bhí go smior ionat thar rud ar bith eile. Bhí dea-aoibh ort i gcónaí agus ba phléisiúr a bhí ann oiriú leat", a dúirt sé ag sonrú go mbeadh na Ceithre Chúirt i bhfad níos boichte dá uireasa.

Guímid gach rath ar an mBreitheamh O'Sullivan lena chuid ama ar scor.

## dán

**Mar atá an Cháisc ag druidim linn, tá dán Bhriain Uí Thiomáin (Oifig na gCoimircithe Cúirte) faoin gcuid nach bhfuil aitheanta sin de Simon ó Cyrene an-oiriúnach. Bhuaigh an dán comórtas Idirnáisiúnta Filíochta Dhún Laoghaire roinnt blianta ó shin**



Brian Ó Tiomáin

# The Cyrene

Simon of Cyrene loved Set Dancing
He didn't spend his life shouldering the cross you know
He could have the crack,
and raise a glass with the best of them
and sing "The Fields of Athenry" if called on

He knew rough company and language
and he had a temper when the humour took him
He was as strong as an ox
Even at 60 he could shoulder that cross
like a hikers rucksack
no bother to Simon

He once did a stint in prison
for declining to leave a licenced premises
with a member of the travelling community
and hitting a policeman under the influence
Always the eye for the underdog
and the women too, if the truth be told.

His big day was on Crucifixion Friday
when he stepped out from the crowd
facing your man with the cross
transfixed by the look.
It was the look that drew him out,
they said –
that famous look.

He stood there, staring into love
Then lunging at the cross, he hoisted it
crying in short bursts as he followed
*that man*
and the crowds started baying again
like hounds eager for the kill

It was slow trudging through the mud
with the mob around them and the women screaming
like it was the end of the world.
He was never the same;
He stopped going to the local, became quieter
more himself in ways;

More Simon the Serene.
*Brian Ó Tiomáin*

# Barrister Picture

Bhí freagra iontach againn ar an ngné-alt faoi abhcóidí i mbun gailf inár n-eagráin i mí Márta agus mí an Mheithimh 2006. Bhí rudaí chomh maith sin gur chinneamar ár gcumhachtaí meabhrach a thástáil in athuair. Léirímid grianghraf anseo d'abhcóidí ag freastal ar imeacht i 1951 nó 1952. Teastaíonn uainn go n-ainmneofá an imeacht agus an líon abhcóidí gur féidir leat. Má dhéanann duine ar bith an-mhaith seans go mbeidh duais i gceist!






Úsáid na huimhreacha sa ghrianghraf scáthchruthaithe chun na habhcóidí a ainmniú. Seo do chuid iontrálacha (ná déan dearmad an imeacht a aithint) chuig:

**Tony Lawlor**
**Oifig Faisnéise, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7**
**tríd an bpost nó trí ríomhphost: Tony Lawlor alawlor@courts.ie**




**Tá scannáin grinn réasúnta gann i láthair na huaire; cibé ar bith insíonn Ronan Power, ár gcritic scannáin go bhfuil Hot Fuzz, scannáin grinn faoi phóilíní tagtha i gcabhair chun réiteach a sholáthar ar an bhfadhb seo...**

Leis an gclú criticiúil a bhain Shaun of the Dead amach roinnt blianta ó shin, tá an fhoireann (Simon Pegg, Nick Frost and Edgar Wright agus réaltaí eile nach iad san áireamh) ar ais lena scannán nua Hot Fuzz.

Tá páirt ardphóilín i gcathair á imirt ag Pegg, agus a ráta gabhálacha ina ábhar náire dá cheannasaithe, a chuireann brú orthu éasheoladhgoháitiargúlta,ganchoiriúlacht de réir dealraimh, i nGloucestershire nach mbeidh sé d'ábaltacht aige iad a náiriú níos mó. Mar a throideann sé go nglacfaí leis i measc na gcomhpháirithe nua (cuid acu nach bhfuil rófháiltiúil), faightear amach nach mar a shíltear a bhítear sa cheantar idile seo. Tugann sraith de thionóisc dona rud go hiomlán difriúil le fios – rud an-olc ar fad. Déanfar na scileanna uilig ag Nick Angell's (Pegg) a thástáil go maith is cinnte. An íoróin... !

Tá Frost arís mar thacaí sa pháirt mar P.C. Danny Butterman. Tugann an bheirt acu le chéile ómós agus déanann siad ceap magaidh de scannáin faoi phóilíní, go háirithe scannáin cosúil le Point Break agus Bad Boys. Críochnaíonn an bheirt phóilíní mar chomhpháirtithe agus ar deireadh ina gcairde, mar a thagraíonn siad ar dtús do mhothúcháin an lucht féachana i dtreo an phobail tuaithe ina bhfuilid, agus ansin dlúthchairdeas a cheadaíonn dóibh a n-áit a aimsiú; sin tar éis mórán urchair a scaoileadh agus an áit a scriosadh ar dtús dar ndóigh.

Ceart go leor, b'fhéidir nach bhfuil scéal ionsparáideach i gceist anseo, nó fiú amháin bunús réalaíoch leis an scannán ach caithfear cuimhneamh cé tá taobh thiar Hot Fuzz. Tá Pegg, Wright agus Frost ag éirí fíor-thabhachtach an-tapaidh i measc na drámaíochta grinn comhaimseartha.
Le dhá sraith den dráma grinn suímh Spaced ar Channel Four agus an scannán fíor-ghreannmhar Shaun of the Dead curtha díobh acu, tá a mbealach leagtha amach go daingean acu is cosúil.

Déanann Hot Fuzz don scannán faoi phóilíní an rud céanna a dhéanann Shaun of the Dead don scannán uafáis – scigaithris gan stop, le mórán tagairtí don choimhlint is fearr agus is measa in aghaidh na coiriúlachta ar scáileán. Tá an fhorbairt ar an ngaolmhaireacht idir Pegg agus carachtar bríomhar Nick Frost ar an gceann is réalaí agus is mothálaí atá feicthe agam riamh b'fhéidir i scannán faoi phóilíní, tá fírinne ar leith ag baint leis. Tugann sé le chéile na haisteoirí is fearr ó phaintéón reatha drámaíochta grinn na Breataine. Tá páirteanna ag an mbuaiteoir Oscar Jim Broadbent, chomh maith le Bill Nighy, Steve Coogan, Bill Bailey agus Kevin Eldon. Is deas Edward Woodward a fheiceáil i mbun gnímh chomh maith agus 007 é féin, Timothy Dalton, i mbun ró-aisteoireachta.

Forbraíonn ceann de na scannáin is áiféisí, agus is scigiúla i láthair na huaire. Cé go bhfuil an scannán fíor-áiféiseach, tá sé thar a bheith taitneamhach ar fad. Cinntíonn scoth na scríbhneoireachta agus sár-eagarthóireacht nach bhfuil mórán deiseanna ag an intinn smaoineamh faoi lochtanna poitéinsiúla. Seans nach go bhfuil sé chomh greannmhar go leanúnach agus dá bhrí níl sé comh maith go seasta le Shaun of the Dead, ach mar sin féin an-taitneamhach. Tá píosaí áirithe ina mbeifear ag gáire arís agus arís. B'fhéidir go bhfuil gá níos mó le Hot Fuzz ná rud ar bith eile – go mbreathnófaí ar an scannán níos mó ná uair amháin. Is fiú go mór é.



# Nuacht ón gClub Sóisialta

**Cuireann George Hanlon, cathaoirleach ar Chlub Sóisialta na gCúirteanna atá ag imeacht as oifig, ar an eolas muid faoi na himeachtaí is déanaí ó eisíodh eagrán na Nollag s'againn.**

## Coisir na Nollag 2006

Tharla ceiliúradh na Nollag i mbliana ag Óstán Mont Clare i gCearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath luath i Mí na Nollag le beagnach 100 duine ag baint leasa as an tairiscint flaithiú de thicéid saor ina aisce do dhinnéar bliantúil an chlub. Mar is gnáthl, thóg na fir leath lae chun cuairt a thabhairt ar a gcuid stílithe agus na mná – bhuel tháinig sé acu go nádúrtha! Tar éis deochanna réamh-dhinnéir i mbeár thuas staighre, rinneamar ár mbealach chuig an seomra ócáide phríobháideach a bhí leagtha amach dúinn don bhéile cúig chúrsa. An rud is annamh is iontach, agus thóg na fir chuig an urlár rince ag léiriú a gcuid scileanna. Comhghairdeas le hAlan Byrne ó Chúirt Chuarda Bhaile Atha Cliath a bhuaigh an chéad chomórtas rince riamh ar chúinsí conspóideacha le Ken Curran ó Oifig an Scrúdaitheora sa dara háit, cé nach raibh an rinceoir iontach Finn Ryder, dar leis féin, le feiceáil in áit ar bith. Tá ráflaí go raibh Finn i bhfolach sa seomra éadaí le dearbhú fós. Le cinntiú nach bhfaighfí an ceann is fearr orthu, thosaigh na mná ar an rince agus léiríodar do na fir ar fad go bhfuilid gach pioc chomh maith leo. Lean an rince ar aghaidh isteach sna huaireanta beaga agus muid ag déanamh gach iarracht fáil réidh le maróg na Nollag ónár gcromáin



Clé go deas: Sharon Donoghue, Sinéad Hogan (Oifig na Cúirte Achomhair Choiriúil araon), George Hanlon (Oifig an Dlí Teaghlaigh), Brendan Murphy (Oifig na Cúirte Cuarda Coiriúil Bhaile Átha Cliath) agus Breda Forde (Oifig na Cúirte Achomhairc Choiriúil)



Ann-Marie Curley (Oifig Chúirt Dúiche an Dlí Teaghlaigh Office), Ellen Foley (Oifig Chúirt Dúiche an Dlí Teaghlaigh), Seamus Glackin (Oifig Chúirt Dúiche an Dlí Teaghlaigh) agus Catherine Glackin (Oifig ICT)



Deirdre O'Donoghue (Oifig na gCuntasóirí), Fiona O'Dwyer & Alan Byrne (Oifig na gCoimircithe Cúirte)

## C.G.B.

Tharla Cruinniú Ginearálta Bliantúil de Chlub Sóisialta na Seirbhíse Cúirteanna in Áras an Fhionnuisce i lár Feabhra 2007. Tar éis óráid oscailte an Chathaoirligh agus díospóireacht bhríomhar faoin mbealach ar aghaidh don chlub, thug an Cisteoir Mark Cunningham atá ag dul as oifig cur síos ar na cuntais iniúchta don bhliain molta ag Pat McCarthy, cuidithe ag Deirdre O'Donoghue agus ceadaithe d'aonghuth. Feiceann an tathrú is mó do 2007 mé féin ag seasamh síos ón gCoiste, Mark Cunningham ag seasamh síos mar chisteoir ach ag fanacht ar an gcoiste agus coiste nua á chruthú. Cuimsíonn an Coiste do 2006/2007 mar a leanas

Cathaoirleach: Finn Ryder
Rúnaí: Rob Rogers
Cisteoir: Deirdre O'Donoghue
Coiste: Maria Hughes, Lorraine Fagan, Mark Cunningham, Micheal McInerney, Esther Kelly, Ken Curran and Kevin Cuffe.

Go n-éirí an t-ádh leis an gcoiste nua agus táimid ag tnúth le himeachtaí nua i bhféilire na bliana seo chomh maith leis na cinn is fabhraí a chuaigh roimhe seo. Cuimhnígí gur bhur gClub Sóisialta atá ann agus mar sinn leanaigí ag freastal ar na himeachtaí agus coinnigh ag seoladh bhur smaointe agus tuairimí chuig socialclub@courts.ie nó déan teagmháil le ball ar bith den choiste.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go pearsanta leis na baill a bhí ar choistí an Chlub Sóisialta in éineacht liom anuas tríd na mblianta as ucht an gcúnamh agus tacaíocht a thugadar dom (agus bhí mórán daoine i gceist). Tá 'go raibh nmaith agat' mór ag dul chuig gach duine a rinne freastal ar imeachtaí agus a thug tacaíocht don chlub. Táim cinnte go ndéanfaidh Coiste na bliana seo gaisce agus tá súil agam sibh ar fad a fheiceáil ag na himeachtaí atá ag teacht aníos.

*George Hanlon*



# Fáilte go Munchen

**"Ah Munchen! Baile na bhfear le caipíní greannmhara agus lederhosen, ispíní a bhíonn ag fulaingt d'fhoirm ghéar elephantiasis agus daoine áitiúla a ólann beoir ar scála ar ráta atá i gcomórtas le meántomhaltas aeir an duine daonna. Sin mar a théann an cliché ar chaoi ar bith ach sa chás seo…tá sé réasúnta cruinn i bhfírinne." Tugann Paddy Monahan, ár scríbhneoir eolach taistil faoi na hallaí beoir chun insint dúinn ar fad ina chuntas faoi dheireadh seachtaine i Munchen…**

Is í Munchen príomhchathair na Baváire, croílár tuaithe na Gearmáine agus ceantar fíorchoimeádach, agus is cathair í Munchen atá lán de chontrárthachtaí. Mar a éiríonn tú amach ón U-Bahn ag Marienplatz, croílár na cathrach, feicfidh tú cathair mhór atá bríomhar le gníomhaíocht: tá mná galánta, agus cuma an airgid orthu ag siúl lena madraí atá acu mar pheataí, lánúineacha óga agus níos sine ag ól cappuccino mórthimpeall na cearnóige agus lucht taistil le gruaig fhada ag ligean a scíth. Tá seans chomh maith céanna, cibé ar bith, go bhfeicfidh tú fir óga in éide thraidisiúnta Bavárach ag dul abhaile tar éis lá
crua oibre le buidéal beorach i lámh amháin agus cás oibre sa lámh eile. Is cathair í Munchen ina mbuaileann traidisiún le nua-aoiseachas i bpósadh atá sásúil, rud nach iondúil.

Tá sé seo i bhfianaise go mór i gceann de na críochchomharthaí is iomráití sa chathair - an Hofbräuhaus. Dhá nóiméad siúlóide ó Marienplatz i seanbhaile Munchen, tagann an Hofbräuhaus leis na boscaí ar fad maidir le clichés Bavárach, ach fós insíonn sé go leor dúinn faoi chultúr Munchen agus, thar rud ar bith eile, tá móran spraoi i gceist. Nuair a shiúlann cuairteoir isteach sa halla iontrála mór don chéad uair, aireoidh siad ceol glórmhar síoraí á sheinnt ag banna práis sa lederhosen. An chéad rud eile ná go bhfeicfidh tú na frauleins ag gluaiseacht thart ag iompar 10 stein ollmhóra beorach agus iad ag streachailt go cróga lena ngúnaí de dhéanamh na stíle Bavárach iad a choinneáil. Tabharfaidh tú faoi deara ansin iliomad sraitheanna de bhoird adhmaid agus na sluaite mic léinn glórmhara ó Mheiriceá, Sasana, an Iodáil agus an tSeapáin ina suí orthu. Ach breathnaigh níos géire agus feicfidh tú go bhfuil an halla beorach seo atá ar cheann de na cinn is mó tráchtála i Munchen á úsáid ag lion mór daoine áitiúla, ag ól óna gcuid stein pearsanta féin a choinnítear faoi ghlas sa halla mór i gcaighin ornáideacha. Chomh maith, rud gur annamh
do cheantar turasóireachta, tá praghasanna san Hofbräuhaus an-réasúnta - thart ar ¤6 ar lítear de bheoir iontach. Is fiú a nótáil, cibé ar bith, nach dtagann sí i méideanna níos lú agus is beag eile atá ar fáil. Fáilte go Munchen

Tá sé sách féideartha, agus réasúnta go pointe áirithe, do chuid ama a chaitheamh i Munchen ag gluaiseacht go hóltach ó ionad óil amháin go ceann eile, ach tá i bhfad níos mó ná sin le feiceáil. Níl gairdíní áille an pháláis Schloss Nymphenburg, leis na healaí líonmhara le feiceáil, ach turas gearr uaidh agus tapaíonn an chuid is mó de chuairteoirí an deis turas ar chaisleáin "Mad" King Ludwig's lasmuigh de Munchen a dhéanamh: caithfear Schloss Neuschwanstein, cruthaíocht fhantasaíochta ar mhúnla Disney, a fheiceáil ionas go gcreidtear í. Is cosúil gur rugadh Ludwig cúpla aois ró-dhéanach, agus nár luí an claonadh a bhí aige i dtreo na dearbhmhonarcachta ró-mhaith le riail na parlaiminte. Ag feidhmiú go bunúsach mar phearsa gan chumhacht, chaith sé a chuid ama, agus mórán dá chuid airgid, ag tógáil caisleáin móra áiféiseacha. Neuschwanstein a bhí ar an gceann deiridh díobh seo agus an ceann is fearr, a bhris go hiomlán é sa deireadh, agus tá líon mór de thurais lae ar fáil a cheadaíonn dúinn onóir a thaispeáint dá chuid iarrachtaí.

Is beag duine, cibé ar bith, a mheascfadh Munchen le cathair ina bhfuil ceadaíocht agus liobrálachas gan teorainn - má theastaíonn roinn grinn uait, déan iarracht trasnú ar shráid atá tréigthe sula léirítear an fear glas agus breathnaigh ar fhreagairt na ndaoine atá ag seasamh go foighneach leis na soilse athrú. Thug mé cuairt ar an halla beorach álainn Löwenbraükeller, nach bhfuil i gceartlar na cathrach, tar éis lá fada i gceathrú na músaem agus bhí mé ag baint an-taitneamh as an méid a bhí le feiceáil: cuardhíon boghtach deartha agus tine mhór oscailte ar lasadh. Tá an áit réasúnta beag ach is iontach an t-atmaisféar atá inti. Chomh maith, ba chosúil gur muidne na daoine amháin neamh-Ghearmánacha san áit - sin an rud ar a nglaoitear an séala formheasa áitiúil. Thógamar amach paca cártaí agus thosaíomar ag imirt gin rummy agus caitheadh linn ar bhealach an-dáiríre. Tháinig frau a bhí ag dul in aois ,in éide thraidisiúnta, anonn chugainn ag craitheadh a mhéar inár dtreo ag tabhairt amach dúinn, agus é ag pointeáil chuig na gcártaí imeartha: "das ist verboten".



# Quiz Márta

Tá curfá na n-amhrán don chuid is mó d'amhráin chlasaiceach ar eolas againn ar fad. Cé chomh maith mar sin féin a bhfuil na píosaí a thagann roimhe sin ar eolas againn. Tá ná céad línte againn anseo ó chuid d'amhráin chlasaiceach ó bhlianta ó shin. Tá cuid de na hamhráin is déanaí cuimsithe anseo chomh maith. Cuirigí oraibh bhur gcaipíní smaointeoireachta agus oibrigh amach na teidil agus na hamhránaithe. Yes, I'm greedy. I want both.



1. I'm sitting in a railway station, got a ticket for my destination.
2. When you're down and troubled and you need a helping hand
   and nothing, nothing is going right.
3. Come gather 'round people wherever you roam
   And admit that the waters around you have grown.
4. I come from down in the valley, where mister when you're young
   They bring you up to do like your daddy done
5. In the day we sweat it out in the streets of a runaway American dream
   At night we ride through mansions of glory in suicide machines
6. It's 9 o' clock on a Saturday, the regular crowd shuffles in,
   There's an old man sitting next to me, making love to his tonic and gin.
7. It's not far down to Paradise, at least it's not for me,
   and if the wind is right you can sail away, and find tranquillity
8. The sirens are screaming, the fires are howling way down in the valley tonight.
9. Just a castaway, an island lost at sea another lonely day, no one here but me.
10. This could be the very minute, I'm aware I'm alive, All these places feel like home.
11. Loving you, isn't the right thing to do. How can I ever change things that I feel.
12. Lights go out and I can't be saved tides that I tried to swim against
13. If I were to say to you can you keep a secret
    Would you know just what to do or where to keep it.
14. When I was young it seemed that life was so wonderful, A miracle oh it was beautiful, magical.

Seol na hiontrálacha s'agaibh chuig: Tony Lawlor, Oifig FaisnéiseÁras an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, Dublin 7 tríd an bpost nó trí ríomhphost chuig: alawlor@courts.ie

**Quiz Charles Dickens: Comhghairdeas le Shay Bowen, Cúirt Dúiche Chorcaí, buaiteoir ár quiz Charles Dickens. Ba iad na freagraí ná: 1. Príosún na bhféichiúnaithe is ea Marshelsea; 2. Jaggers is ea an dlíodóir i Great Expectations; 3. Uriah Heep is ea ainm an chléirigh umhail; 4. Jarndyce -v- Jarndyce le feiceáil i Bleak House; 5. D'imir Dirk Bogarde páirt Sydney Carton.**
**Quiz James Bond: Comhghaideas le Cecelia Ní Choileain, Taighdeoir Breithiúnach, buaiteoir ár quiz James Bond in eagrán na Nollag. Tá bronntanais James Bond ar a mbealach chugat chomh luath agus a thosnaímid an Aston Martin. Ba iad na freagraí ná: 1. Paul McCartney and Wings; 2. Timothy Dalton, Roger Moore, Sean Connery, George Lazenby, Pierce Brosnan, Daniel Craig; 3. Richard Kiel; 4. 1962; 5. Anthony Zerbe**

# Ceisteanna & Faisnéis Phearsanta le: Walter Burke

1. Cén phearsa fhicseanúil (scannán/leabhar/teilifís) lena is mó lena mbaineann tú féin i do thuairim?
(Seo cur síos Barbara Toneycliffe agus ní mo cheann féin!) Joey ó Friends
2. Cén scannán is fearr leat agus cén fáth?
The Shawshank Redemption - Feicthe agam 18 uair. Sin fianaise go leor.
3. Cad é an leabhar is fearr leat?
Riding the Storm le Timmy Murphy (Marcach 'National Hunt') Is amhlaidh nach bhfuil peileadóiri pioc cróga i gcomparáid lena leithéidí.
4. Cad é an t-amhrán is fearr leat?
Drugs Don't Work - The Verve
5. Cén duine is mó ba mhaith leat a bheith sáinnithe in ardaitheoir leis agus cén fáth?
Beyonce - Tá sí chomh hálainn sin
6. Ainmnigh cúigear ar mhaith leat a bheith agat chun dinnéir.
Pussycat dolls (an cúigear uilig). Mura bhféadfainn buaileadh leo seo bheadh Peter Kay (an fearr is barúla), Tiger Woods (an réalt is mó riamh), Gráinne Seoige (éirimiúil, greannmhar agus éasca ar an súil), Charlize Theron (áilleacht i bhfírinne) san áireamh agus ar deireadh caithfidh peileadóir a bheith i gceist, an sár-imreoir Zinedine Zidane (Ná cuir isteach air, nó d'fhéadfadh sé buille cloiginn a thabhairt dom).



Tá Walter ag fágáil slán le hAonad Rúnaíochta na Seirbhíse Cúirteanna chun tosú leis an tSeirbhís Phríosúin, Guíonn Nuach na Seirbhíse Cúirteanna gach rath air ina phost nua!

# tríd an lionsa



Willie O'Connor (District Court Clerk), Noel Sheehan (Leas-Phríomhoide), Elma Twomey (CSPE Teacher) le Rang Ciara ó Choláiste Naomh Fanahan ar a gcuairt chuig Cúirt Dúiche Bhaile Mhistéala le déanaí.



Coláiste Ghobnatan ó Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí ar a gcuairt chuig na Ceithre Chúirt le déanaí.



Déanann Máire Tehan comhghairdeas le Moira Groome Peppard ó Oifig na Cúirte Cuarda Átha Throim ar a buanna le déanaí ag an gComórtas Náisiúnta Luthchleasaíochta faoi Dhíon.



Clé go deas: An Breitheamh Onórach John MacMenamin, An Breitheamh Onórach Joseph Finnegan, an tIarphríomh-Bhreitheamh Onórach Ronan Keane agus An Breitheamh Onórach Hugh Geoghegan ag léacht Hugh Fitzpatrick le déanaí ar Leabhareolaíocht Dhlí



Siún Ó Siochrú, iníon le Angela Brennan (Príomh-Oifig na hArd-Chúirte) ag breith suas ar bheagán oibre baile.



Comhghairdeas le Rosemary Brady (Oifig na Cúirte Cuarda, An Cabhán) ar an Dioplóma Onóracha sa Bhainistíocht Phoiblí a ghnóthú

**Ag glaoch ar an bhfoireann scoirthe ar fad amuigh ansin**

Déan nóta den Mháirt 22 Bealtaine 2007 in bhur ndialanna toisc gur seo an dáta ina mbeidh bhur 'Tráthnóna Samhraidh i Margadh na Feirme' ag tarlú i mbliana. Beimid ag seoladh litreacha chugat le breis sonraí níos cóngaraí don dáta. Má theastaíonn uait eagráin de Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna a fháil sa todhchaí agus/nó a bheidh cuimsithe ar ár liosta postála, nó cuir glao ar Teresa Brophy ag 01 888 6463.

Má tá grianghraf agat ar mhaith leat a chur san áireamh in "Tríd an lionsa", seol sa phost é le do thoil chuig: Mary Murphy, An Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna, 15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 nó seol mar ríomhphost é chuig: mmurphy@courts.ie